



TAIRISCINT AML

JUST/2018/JACC/PR/CRIM/018

Reáchtáil oiliúna le haghaidh dlíodóirí maidir leis na rialacha ar leibhéal an Aontais Eorpaigh a bhaineann leis an bhFrithsciúradh Airgid (AML) agus leis an bhFrithmhaoiniú Sceimhlitheoireachta (CTF)

LÁMHLEABHAR D'ÚSÁIDEOIRÍ

22 Feabhra 2021

Séanadh



Táirgeadh an fhaisnéis seo faoi chonradh leis an Aontas Eorpach (Uimhir thagartha: JUST/2018/JACC/PR/CRIM/018) agus ní léirítear tuairim oifigiúil an Choimisiúin Eorpaigh leis. Ní bheidh an Coimisiún ná aon duine atá ag gníomhú thar ceann an Choimisiúin freagrach as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá ann

FOILSITHEOIRÍ

An Fhondúireacht Dlíodóirí Eorpacha

Fluwelen Burgwal 58

2511 CJ – An Háig

AN ÍSILTÍR

+31,612,990,818

www.elf-fae.eu

info@elf-fae.eu

Comhairle Bharraí agus Chumainn Dlí na hEorpa

Rue Joseph II, 40

1000 – An Bhruiséil

An Bheilg

+32 2234 6510

www.ccbe.eu

info@ccbe.eu

Creidiúintí na ngrianghraf (leathanach tosaigh)

© Adobe Stock

CLÁR

JUST/2018/JACC/PR/CRIM/018	1
LÁMHLEABHAR D'ÚSÁIDEOIRÍ	1
FOILSITHEOIRÍ	2
LÁMHLEABHAR D'ÚSÁIDEOIRÍ	5
BROLLACH	5
RÉAMHRÁ.....	6
SAINMHÍNITHE	8
<i>Céard is sciúradh airgid ann?</i>	8
<i>Céard is maoiniú sceimhlitheoireachta ann?.....</i>	9
<i>An gcumhdaítear dlíodóirí le réimeas AML/CTF an Aontais agus, má chumhdaítear, cé na gníomhaíochtaí a chumhdaítear?.....</i>	9
CUR CHUIGE RIOSCABHUNAITHE	11
<i>Ginearálta</i>	11
<i>Conas measúnú riosca a dhéanamh</i>	13
<i>Méid an ghnóthais.....</i>	15
DÍCHEALL CUÍ CUSTAIMÉARA (CDD).....	16
<i>Réamhrá</i>	16
<i>Uainiú.....</i>	18
<i>Leibhéal.....</i>	19
<i>Brath ar thríú páirtithe.....</i>	25
<i>Beartais, rialuithe agus nósanna imeachta i scríbhinn.....</i>	26
<i>Coimeád taifead</i>	28
<i>Cuideachtaí.....</i>	29
<i>Iontaobhais.....</i>	30
ÚINÉIREACHT THAIRBHIÚIL	31
TRÍÚ TÍORTHA ARDRIOSCA	34
DAOINE ATÁ FAOI RITEACHT PHOLAITIÚIL (PEPANNA).....	35
CLIAINT NACH CLIAINT AGHAIDH AR AGHAIDH IAD	38
BRATACHA DEARGA.....	38
ÚSÁID NA TEICNEOLAÍOCHTA	40
OIBLEAGÁIDÍ TUAIRISCITHE	41
<i>Réamhrá</i>	41

<i>Leid a thabhairt</i>	<i>43</i>
<i>'Fios a bheith ag an dlíodóir, amhras a bheith air nó foras réasúnta a bheith aige amhras a bheith air' – agus brí focal go ginearálta.....</i>	<i>44</i>
<i>'Gníomhaíocht choiriúil'</i>	<i>45</i>
COSAINT SONRAÍ.....	46
RÚNDACHT IDIR DLÍODÓIRÍ AGUS CLIAINT	48
<i>Réamhrá</i>	<i>48</i>
<i>Cásdlí Eorpach.....</i>	<i>49</i>
<i>Conclúid.....</i>	<i>50</i>
SAINCHEISTEANNA TRASTEORANN.....	51
SMACHTBHANNAÍ.....	52
<i>Réamhrá</i>	<i>52</i>
<i>Ceanglais le haghaidh ciona.....</i>	<i>53</i>
IARSCRÍBHINN 1 – LIOSTA TÍORTHA ARDRIOSCA.....	55

LÁMHLEABHAR D'ÚSÁIDEOIRÍ

BROLLACH

Ullmhaíodh an lámhleabhar oiliúna seo (an lámhleabhar d'úsáideoirí) le haghaidh dlíodóirí atá ag glacadh páirt in oiliúint maidir leis na rialacha ar leibhéal an Aontais Eorpaigh a bhaineann leis an bhfrithsciúradh airgid (AML) agus leis an bhfrithmhaoiniú sceimhlitheoireachta (CTF). Tá lámhleabhar comhfhreagrach (lámhleabhar d'oiliúnóirí) ar fáil dóibh siúd a bhfuil an oiliúint á cur ar fáil acu.

Tá an dá lámhleabhar á bhfoilsiú faoi chonradh a dhámh an Coimisiún Eorpach ar an bhFondúireacht Dlíodóirí Eorpacha (EFL) agus Comhairle Bharraí agus Chumainn Dlí na hEorpa (CCBE) maidir le 'Reachtáil oiliúna le haghaidh dlíodóirí maidir leis na rialacha ar leibhéal an Aontais Eorpaigh a bhaineann leis an bhFrithsciúradh Airgid (AML) agus leis an bhFrithmhaoiniú Sceimhlitheoireachta (CTF)' (Conradh seirbhíse JUST/2018/JACC/PR/CRIM/0185).

Tá tuairisc anseo thíos ar chuspóirí an Choimisiúin Eorpaigh agus an conradh seo á chur amach ar tairiscint:

'Is é cuspóir ginearálta an chonartha seo oiliúint a chur ar dhlíodóirí maidir le príomhphrionsabail agus príomhchoincheapa rialacha an Aontais maidir le AML/CTF, feacht a mhúscailt ina leith siúd, agus a leathadh i measc dlíodóirí a chur chun cinn. Is é is aidhm leis an gconradh anailís agus measúnú a dhéanamh ar riachtanais na ndlíodóirí agus tacaíocht a thabhairt dóibh ach a bhfeacht a mhúscailt ar a ról agus ar na hoibleagáidí atá orthu sa chomhrac in aghaidh an sciúrtha airgid agus an mhaoinithe sceimhlitheoireachta faoin Treoir.

Is é an cuspóir sonracha atá ann go rachaidh an clár oiliúna i bhfeidhm ar an líon dlíodóirí is mó agus is féidir ar fud an Aontais. Go háirithe, d'fhéadfadh na gníomhaíochtaí oiliúna cabhrú leis na dlíodóirí lena mbaineann freagairt conas is fearr is féidir leo na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- oibleagáidí ábhartha maidir le AML/CTF a rochtain agus a thuiscint; machnamh a dhéanamh ar mhí-úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as dlíodóirí agus gnóthais dlí i gcomhthéacs an sciúrtha airgid agus an mhaoinithe sceimhlitheoireachta;*
- machnamh a dhéanamh ar chleachtais is féidir le dlíodóirí agus gnóthais dlí a ghlacadh ina ndlínse féin agus i gcomhréir le rialacha an bharrá ábhartha lena áirithiú go gcoinnítear ar bun na caighdeán eitice is airde sa ghairm;*
- sainaitheint a dhéanamh ar an bhfadhb a d'fhéadfadh teacht chun cinn sa léirmhíniú ar fhorálacha sonracha i bhfianaise cásanna hipitéiseacha agus iarbhir agus, go háirithe, de bharr leanúnachas a gcaidrimh gnó lena gcliaint agus ceisteanna eile.'*

Roimh na lámhleabhair oiliúna a fhorbairt, d'fhorbair an cuibhreannas comhpháirtithe measúnú ar riachtanais oiliúna agus straitéis oiliúna bunaithe ar fhreagraí i gceistneoir inar fiosraíodh

cleachtais reatha gach Ballstáit maidir le hoiliúint do dhlíodóirí a bhaineann le rialacha AML/CTF ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Rinne na 27 mbarra san Aontas is comhalta de CCBE agus barra na Ríochta Aontaithe an ceistneoir a líonadh isteach.

Is fiú cuimhneamh ar an [gcúlra le Treoracha AML/CTF](#) faoi mar a bhaineann le dlíodóirí. Is bagairt thromchúiseach don bheatha agus don tsochaí iad sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta agus bíonn an foréigean ina thoradh orthu, cuireann siad le gníomhaíocht choiriúil, agus cuireann siad bonn an smachta reachta i mbaol. I bhfianaise ról dlíodóirí sa tsochaí agus i bhfianaise na n-oibleagáidí agus na gcaighdeán, idir ghairmiúil agus eile, a bhaineann leo, ní mór do dhlíodóirí gníomhú le hionracas, an smacht reachta a chaomhnú, agus fanacht amach ó aon ghníomhaíocht choiriúil i gcónaí. Dá bhrí sin, ceanglaítear ar dhlíodóirí a bheith aireach i gcónaí ar an mbagairt a bhaineann le coirpigh a dhéanann iarracht mí-úsáid a bhaint as gairm an dlí ar mhaithe le gníomhaíochtaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta.

Ní mór do dhlíodóirí agus do ghnóthais dlí a áirithiú go bhfuil siad feasach ar a n-oibleagáidí AML/CTF agus go gcloíonn siad leo, ar oibleagáidí iad a eascraíonn astu seo a leanas:

- (i) eitic fhíor-riachtanach ghairm an dlí lena n-áirítear oibleagáid bhunúsach gan tacú le gníomhaíocht choiriúil ná gan gníomhaíocht choiriúil a éascú, chomh maith le dlíthe náisiúnta cosúla; agus
- (ii) ceanglais dhlí an Aontais.

Ní mór do gach dlíodóir san Aontas a bheith feasach ar na hoibleagáidí ábhartha ó thaobh dlí agus eitice de atá orthu agus ar na rioscaí atá ábhartha dá réimse cleachtais agus dá gcliaint, agus ní mór dóibh oideachas a chur orthu féin i dtaobh na n-oibleagáidí sin ar bhonn leanúnach. Tá an-tábhacht leis sin mar tagann athrú tapa leanúnach ar na gníomhaíochtaí AML/CTF a bhíonn ar siúl ag coirpigh agus tá siad ag éirí níos sofaisticiúla i gcónaí. Is iad feasacht, faireachas, aithint bratach dearg, agus airdeall na huirlisí is mó a bhíonn ag dlíodóirí chun measúnú a dhéanamh ar chásanna a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar imní maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta.

Is é is aidhm don lámhleabhar seo cabhrú le dlíodóirí atá i mbun oiliúna i réimse AML/CTF réimse iomlán a n-oibleagáidí dlí agus eitice a thuiscint, mar aon lena leochaileacht i dtaca le rioscaí a bhaineann le bheith páirteach i ngníomhaíochtaí AML/CTF a thuiscint.

RÉAMHRÁ

Tá creat an dlí AML/CTF i ngach Ballstát bunaithe ar an [4^ú Treoir AML](#) arna leasú leis an [5^ú Treoir AML](#).

Ullmhaítear an t-ábhar oiliúna sa lámhleabhar seo ar bhonn a bhfuil infheidhme agus riachtanach le haghaidh gach dlíodóra ar fud an Aontais, agus dá bhrí sin déanfar tagairtí reachtúla

d'fhorálacha an 4^ú Treoir AML arna leasú leis an 5^ú Treoir AML, seachas don reachtaíocht náisiúnta a bhféadfadh eolas níos mó a bheith ag cuid mhór dlíodóirí uirthi.

Ó tharla go ndéantar reachtaíocht AML/CTF a achtú go náisiúnta trí na teoracha a chur chun feidhme, d'fhéadfadh sé go mbeadh difríochtaí sa chur chun feidhme i ngach Ballstát. Mar sin féin, ní mór do gach Ballstát cloí le forálacha na teorach ar a laghad. Ceapadh an lámhleabhar seo ar bhealach le gur féidir é a chur in oiriúint go héasca do na comhthéacsanna náisiúnta sna Ballstáit éagsúla. Ach tagairt chúramach a dhéanamh sa lámhleabhar seo d'airteagail an 4^ú Treoir AML (arna leasú) mar a luaitear thuas, d'fhéadfadh úsáideoirí an comhthéacs áitiúil a shainithint gan stró. Gach tagairt a dhéantar don 4^ú Treoir AML, is é an leagan arna leasú leis an 5^ú Treoir a bheidh i gceist, agus tugtar 'an treoir' air sin ar fud an lámhleabhair seo.

Ina theannta sin, ba cheart comhthéacs measúnuithe riosca náisiúnta agus a bhfuil iontu a choinneáil i gcuimhne freisin, ó tharla nach ionann na dálaí is bun le rioscaí sciúrtha airgid ó Bhallstát go Ballstát. Coimeádann an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF) [taifead ar mheasúnuithe riosca náisiúnta](#). I bhfianaise na ndifríochtaí náisiúnta sin, níl measúnuithe riosca den sórt sin ina gcuid den lámhleabhar úsáideoirí seo.

Eascraíonn na forálacha náisiúnta cur chun feidhme as forálacha an Aontais, agus má tharlaíonn sé go bhfuil na forálacha is infheidhme ag teacht salach ar a chéile, is iad forálacha an Aontais a bheidh i réim. Ar cheann de na haidhmeanna leis an lámhleabhar seo, tá a chur i dtábhacht gur creat ar fud an Aontais atá sa chóras AML/CTF ina bhfuil oibleagáidí coiteanna ar dhlíodóirí san Aontas, agus deimhneacht dhlíthiúil ina leith sin a chur ar fáil. Mar sin féin, ní mór an lámhleabhar seo a úsáid i gcomhar leis na dlíthe intíre a d'fhéadfadh, mar shampla, dul níos faide ná na caighdeáin íosta a leagtar amach sa treoir go minic.

Tá trí fhoilseachán ann a bhí úsáideach agus an lámhleabhar seo á ullmhú, agus úsáideadh ábhar astu mar fhoinse thagartha:

- (1) '[A lawyer's guide to detecting and preventing money laundering](#)', a d'fhoilsigh CCBE, International Bar Association (IBA) agus American Bar Association (ABA) in 2014
- (2) '[Guidance for a risk-based approach for legal professionals](#)', a d'fhoilsigh an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais in 2019
- (3) [Legal Sector Affinity Group Anti-Money Laundering Guidance for the Legal Sector](#), a foilsíodh in 2020

Is foilseacháin an-úsáideach iad go léir, cé nár foilsíodh an chéad dá threoirleabhar bunaithe ar chreat sonrach na reachtaíochta Eorpaí atá i bhfeidhm faoi láthair. Tá siad dírithe ar dhlíodóirí ar fud na cruinne, agus is iad na prionsabail fhíor-riachtanacha a phléitear iontu. Ina theannta sin, foilsíodh an chéad treoirleabhar (CCBE-IBA-ABA) roinnt blianta ó shin anois, agus d'fhéadfadh sé go bhfuil athrú tagtha ar roinnt de na himthosca ba bhun leis. Maidir leis an treoirleabhar ón Ríocht Aontaithe, foilsíodh an treoirleabhar sin tráth a bhí an Ríocht Aontaithe san idirthréimhse sular fhág an tír an tAontas Eorpach.

SAINMHÍNITHE

Ní féidir coincheap AML/CTF a thuiscint gan an sainmhíniú i reachtaíocht an Aontais ar na príomh-chomhpháirteanna ann a thuiscint.

Céard is sciúradh airgid ann?

Sainmhínítear sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta sa treoir trí shraith gníomhaíochtaí thíos:

Airteagal 1

3. Chun críocha na Treorach seo, measfar gur sciúradh airgid an t-iompar seo a leanas nuair a dhéanfar é d'aon ghnó:

(a) maoin a chomhshó nó a aistriú, i gcás inarb eol gur gnóthaíodh an mhaoín sin ó ghníomhaíocht choiriúil nó ó ghníomh rannpháirtíochta sa ghníomhaíocht sin, chun foinse aindleathach na maoine a cheilt nó a chur i mbréagríocht nó chun cabhrú le haon duine a bhfuil baint aige le déanamh na gníomhaíochta sin iarmhairtí dlíthiúla ghníomh an duine sin a sheachaint;

(b) fíorchineál, foinse, suíomh, bail, gluaiseacht nó úinéireacht na maoine nó aon cheart ina leith a cheilt nó a chur i mbréagríocht, i gcás inarb eol gur gnóthaíodh an mhaoín sin ó ghníomhaíocht choiriúil nó ó bheith rannpháirteach i ngníomhaíocht den sórt sin;

(c) maoin a fháil, a shealbhú nó a úsáid, i gcás inarb eol, tráth a fála, gur gnóthaíodh an mhaoín sin ó ghníomhaíocht choiriúil nó ó bheith rannpháirteach i ngníomhaíocht den sórt sin;

(d) a bheith rannpháirteach in aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c), a bheith i gcomhlachas chun go ndéanfaí iad, iarrachtaí chun go ndéanfaí iad agus cabhrú leo, neartú, éascú agus comhairliú a dhéanamh orthu .

4. Féachfar ar sciúradh airgid amhlaidh fiú amháin i gcás ina ndearnadh na gníomhaíochtaí a ghin an mhaoín a bhí le sciúradh ar chríoch Ballstáit eile nó ar chríoch tríú tír.

5. Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn ‘maoiniú sceimhlitheoireachta’ cistí a sholáthar nó a bhailiú, ar aon mhodh, go díreach nó go hindíreach, leis an intinn go n-úsáidfear iad nó leis an eolas go n-úsáidfear iad, go hiomlán nó go páirteach, chun aon cheann de na cionta de réir bhrí Airteagal 1 go hAirteagal 4 de Chinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle a dhéanamh.

6. Féadfar eolas, intinn nó cuspóir a éilítear mar ghné de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 3 agus i mír 5 a infheiriú ó imthosca fíorasacha oibiachtúla.

Tá Airteagal 1.3(d) an-tábhachtach, sa mhéid nach mór don dlíodóir ina cháil mar chomhairleoir a sheachaint go ndéanadh sé an cion a neartú nó a éascú. Is ann do roinnt céimeanna ar féidir

leis an dlíodóir a ghlacadh, agus ar cheart dó a ghlacadh, chun é sin a sheachaint, agus féachfar orthu sin níos faide ar aghaidh.

Céard is maoiniú sceimhlitheoireachta ann?

Sainmhínítear maoiniú sceimhlitheoireachta in Airteagal 1.5 maidir le cionta a sainmhínítear ar a seal iad i gcinneadh eile ón Aontas Eorpach, Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle. Leasaíodh an Cinneadh Réime áirithe sin le cinneadh ina dhiaidh sin (2008/919/CGB), agus cuireadh [Treoir \(AE\) 2017/541](#) maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac ina ionad.

Go bunúsach, is é atá i gcion sceimhlitheoireachta mar a thagraítear dó in Airteagal 1.5 meascán d'eilimintí oibiachtúla (amhail dúnmharú, gortuithe coirp, gabháil giall, sracadh, ionsaithe a dhéanamh, nó bagairt aon cheann de na nithe sin a dhéanamh) agus eilimintí suibíachtúla (amhail gníomhaíochtaí a dhéantar agus é mar aidhm leo daonra a imeaglú go tromchúiseach, struchtúir thíre nó eagraíochta idirnáisiúnta a dhíchobhsú nó a scriosadh, nó iallach a chur ar rialtas staonadh ó ghníomhartha a dhéanamh).

Is é is maoiniú sceimhlitheoireachta ann cistí a sholáthar nó a bhailiú agus é mar aidhm leo go n-úsáidfí iad chun gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta a dhéanamh, ag eagraíochtaí sceimhlitheoireachta nó ag daoine ag gníomhú astu féin nó i líonraí beaga.

Ba cheart do dhlíodóirí a bheith ar an eolas go bhféadfaí a chuimsiú le maoiniú sceimhlitheoireachta cistí ó fhoinsí dlisteanacha agus neamhdhlisteanacha – idir thabhartais phearsanta agus fháltais ó ghníomhaíocht choiriúil amhail mangaireacht drugaí, sracadh nó gáinneáil ar dhaoine. D'fhéadfadh sé teacht freisin ó chistí a chruinnítear trí acmhainní nádúrtha a atreorú nó a dhúshaothrú.

Déanta na fírinne, is sciúradh airgid droim ar ais é ceilt cinn scríbe cistí dlisteanacha atá le húsáid chun críoch choiriúil.

An gcumhdaítear dlíodóirí le réimeas AML/CTF an Aontais agus, má chumhdaítear, cé na gníomhaíochtaí a chumhdaítear?

Luaitear go sonrach in Airteagal 2 den treoir go bhfuil sé infheidhme maidir le gairmithe dlí neamhspleácha. Luaitear freisin ann na gníomhaíochtaí sonracha a chumhdaítear leis an treoir (Airteagal 2.1(3)(b)).

Airteagal 2

1. Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir leis na heintitis faoi oibleagáid seo a leanas:

...

(3) na daoine nádúrtha nó dlítheanacha seo a leanas ag gníomhú dóibh i bhfeidhmiú a ngníomhaíochtaí gairmiúla:

(a) iniúcháirí, cuntasóirí seachtracha agus comhairleoirí cánach, agus aon duine eile a ghabhann air féin, go díreach nó trí bhíthin daoine eile a bhfuil gaol ag an duine eile sin leo,

cabhair ábhartha, cúnamh nó comhairle maidir le cúrsaí cánach mar phríomhghnó nó mar ghníomhaíocht ghairmiúil a sholáthar;

(b) nótaireí agus gairmithe dlí neamhspleácha eile, i gcás ina nglacann siad páirt, bíodh sé trí ghníomhú thar ceann a gcliaint nó dá gcliant in aon idirbheart airgeadais nó réadmhaoine, nó trí chúnamh a thabhairt i bpleanáil nó i ndéanamh idirbheart dá gcliant maidir leis na nithe seo a leanas:

(i) ceannach nó díol réadmhaoine nó eintiteas gnó;

(ii) bainistiú ar airgead cliant, ar urrúis nó ar shócmhainní eile;

(iii) cuntas bainc, coigiltis nó urrúis a oscailt nó a bhainistiú;

(iv) eagrú na ranníocaíochtaí is gá chun cuideachtaí a chruthú, a oibriú nó a bhainistiú;

(v) cruthú, oibriú nó bainistiú iontaobhas, cuideachtaí, fondúireachtaí, nó struchtúr den chineál céanna;

Dá bhrí sin, maidir le ‘gairmithe dlí neamhspleácha’ a dhéanann na gníomhaíochtaí a liostaítear in Airteagal 2.1(3)(b)(i)-(v) thuas, a bhféachtar orthu mar a bheith i mbaol sciúrtha airgid, cumhdaítear iad faoi na dualgais a liostaítear sa treoir, rud a fhágann nach gcumhdófar faoi na dualgais sa treoir na dlíodóirí sin a dhéanann obair nach liostaítear in Airteagal 2.1(3)(b)(i)-(v), amhail dlíthíocht, agus an obair sin amháin, nó b’fhéidir obair dlíodóirí inmheánacha áirithe nó dlíodóirí atá ag obair d’údaráis phoiblí. Mar shampla, d’fhéadfadh dlíodóir inmheánach a bheith ag obair le banc agus is é an banc féin an t-eintiteas faoi oibleagáid.

Is ann do ghairmeacha eile nach n-áirítear iad sa sainmhíniú thuas ach a gcuimsítear iad freisin faoi oibleagáidí na treorach faoi Airteagal 2, amhail comhairleoirí cánach ‘agus aon duine eile a ghabhann air féin, go díreach nó trí bhíthin daoine eile a bhfuil gaol ag an duine eile sin leo, cabhair ábhartha, cúnamh nó comhairle maidir le cúrsaí cánach mar phríomhghnó nó mar ghníomhaíocht ghairmiúil a sholáthar’ agus iontaobhas nó soláthraithe seirbhísí do chuideachtaí. Dlíodóir a sholáthraíonn seirbhísí den sórt sin, d’áireofaí é faoi oibleagáidí na treorach freisin.

Dlíodóir atá fostaithe ag eintiteas dlítheanach, cumhdaítear é go sonrach le hAirteagal 46(1) den treoir ina sonraítear go dtagann an t-eintiteas dlítheanach faoi oibleagáidí na treorach:

Airteagal 46 (1)

I gcás go ndéanfaidh duine nádúrtha a thagann faoi aon chatagóir a liostaítear i bpointe (3) d’Airteagal 2(1) gníomhaíochtaí gairmiúla mar fhostaí de chuid duine dlítheanach, beidh feidhm ag na hoibleagáidí sa Roinn seo maidir leis an duine dlítheanach sin seachas an duine nádúrtha.

Tabharfar sainmhínithe breise ar fhorálacha sonracha AML/CTF sa téacs i gcás inarb iomchuí.

CUR CHUIGE RIOSCABHUNAITHE

Ginearálta

Tá dualgais dlíodóra faoin 4^ú Treoir AML faoi réir cur chuige rioscabhunaithe, ar prionsabal tábhachtach é i reachtaíocht an Aontais maidir le AML, lena gcinntear raon feidhme agus fairsinge na ngníomhaíochtaí is gá.

Go bunúsach, ciallaíonn cur chuige rioscabhunaithe gur cheart do dhlíodóirí na rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta dá nochtar iad a shainaithint, a mheasúnú agus a thuiscint agus – bunaithe ar na rioscaí a shainaithnítear agus a bhfairsinge – na bearta AML/CTF is gá a ghlacadh go héifeachtach agus go héifeachtúil chun na rioscaí a mhaolú agus a bhainistiú. Go hachomair, ba cheart cur chuige spriocdhírthe a bheith ann ina ndírítear ar an réimse lena mbaineann an riosca.

Le cur chuige den sórt sin, cumasaítear:

- leithdháileadh acmhainní ar réimsí inar mó na rioscaí
- íoslaghdú costas comhlíonta agus ualaí ar chliaint
- solúbthacht níos mó chun freagairt do rioscaí a thagann chun cinn faoi mar a thagann athrú ar mhodhanna sciúrtha airgid/maoinithe sceimhlitheoireachta

Is é Airteagal 8 príomhfhóráil ábhartha na treorach:

Airteagal 8

1. Áiríteoidh na Ballstáit go nglacfaidh na heintitis faoi oibleagáid céimeanna iomchuí chun rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a shainaithint agus a mheas, ag cur i gcuntas fachtóirí riosca lena n-áirítear na cinn a bhaineann lena gcustaiméirí, tíortha nó limistéir gheografacha, táirgí, seirbhísí, idirbhearta nó slite seachadta. Beidh na céimeanna sin comhréireach le cineál agus méid na n-eintiteas faoi oibleagáid.

2. Déanfar na measúnuithe riosca dá dtagraítear i mír 1 a dhoiciméadú, a choimeád cothrom le dáta agus a chur ar fáil do na húdaráis inniúla ábhartha agus do na comhlachtaí féinrialála lena mbaineann. Féadfaidh údaráis inniúla a chinneadh nach gá measúnuithe riosca ar dhoiciméadú aonair i gcás go mbeidh na rioscaí sonracha bunúsach san earnáil soiléir agus tuigte.

3. Áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh beartais, rialuithe agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag na heintitis faoi oibleagáid chun rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a aithníodh ag leibhéal an Aontais, an Bhallstáit agus an eintitis faoi oibleagáid a mhaolú agus a bhainistiú go héifeachtach. Beidh na beartais, na rialuithe agus na nósanna imeachta sin comhréireach le cineál agus méid na n-eintiteas faoi oibleagáid.

4. Folóidh na beartais, na rialuithe agus na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 3:

(a) forbairt beartas inmheánach, rialuithe agus nósanna imeachta, lena n-áirítear modhanna cleachtais bhainistíochta riosca, dícheall cuí custaiméara, tuairisciú, coinneáil taifead, rialú inmheánach, bainistiú um chomhlíonadh lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí maidir le méid agus nádúr an ghnó, oifigeach um chomhlíonadh a cheapadh ar an leibhéal bainistíochta, agus scagadh fostaí;

(b) i gcás inarb iomchuí maidir le méid agus cineál an ghnó, feidhm iniúchóireachta neamhspleách chun na beartais, na rialuithe agus na nósanna imeachta inmheánacha dá dtagraítear i bpointe (a) a thástáil.

5. Ceanglóidh na Ballstáit ar eintitis faoi oibleagáid formheas a fháil óna mbainistíocht shinsearach do na beartais, na rialuithe agus na nósanna imeachta a chuir siad i bhfeidhm agus faireachán agus feabhsú na mbeart a ghlacfar, i gcás inarb iomchuí.

Mar thoradh ar an bhforáil sin, ní mór do dhlíodóirí:

- bearta iomchuí a ghlacadh chun na rioscaí sciúrtha airgid/maoinithe sceimhlitheoireachta atá ann dá ngnóthas dlí féin a shainaithint, a mheasúnú agus a thuiscint, agus
- beartais, rialuithe agus nósanna imeachta doiciméadaithe a bheith i bhfeidhm lena gcuirtear ar a chumas don ghnóthas dlí bainistíocht, faireachán agus maolú a dhéanamh go héifeachtach ar na rioscaí éagsúla a sainithníodh, lena gcumhdaítear na nithe a liostaítear in Airteagal 8(4)(a) ar a laghad.

Anuas ar a bheith ar leibhéal an chleachtais ina iomláine, ba cheart don mheasúnú riosca a bheith ar leibhéal gach cliaint agus ar leibhéal gach ceiste a tharraingíonn gach cliant anuas freisin. Don chleachtas ina iomláine, is tosca riosca tipiciúla iad gnéithe amhail déimeagrafach cliant agus cineál seirbhísí an ghnóthais dlí, agus ba cheart athbhreithnithe riosca a dhéanamh nuair a thagann athrú ábhartha ar na tosca sin.

Tá coimeád taifead an-tábhachtach ar fud phróiseas AML/CTF: ar na beartais agus na nósanna imeachta mar a shonraítear thuas, ar chinntí a ghlactar, ar ábhair amhrais agus ar nochtuithe, agus ar dhoiciméid agus ar chomhráite ábhartha.

Leagtar síos le hAirteagal 46(1) den treoir dualgais bhreise atá ar na Ballstáit i ndáil le baill foirne a fhostaítear sa ghnóthas dlí – ní mór iad a chur ar an eolas maidir le beartais an ghnóthais, cosaint sonraí ina measc, agus ní mór oiliúint a chur orthu maidir le AML/CTF.

Airteagal 46

1. Ceanglóidh na Ballstáit ar eintitis faoi oibleagáid bearta a dhéanamh atá comhréireach lena rioscaí, a nádúr agus a méid chun go mbeidh a bhfostaithe feasach ar na forálacha arna nglacadh de bhun na Treorach seo, lena n-áirítear ceanglais ábhartha cosanta sonraí.

Áireofar sna bearta sin rannpháirtíocht a bhfostaithe i gcláir oiliúna speisialta leanúnacha chun cuidiú leo oibríochtaí a aithint a fhéadfaidh a bheith bainteach le sciúradh airgid nó maoiniú

sceimhlitheoireachta agus chun treoir a thabhairt dóibh maidir le conas leanúint ar aghaidh sna cásanna sin.

Is féidir le dlíodóirí cur chuige rioscabhunaithe a chur chun feidhme go héifeachtach ach nósanna imeachta áirithe a úsáid. Tabharfar míniú níos mionsonraithe air sin sna leathanaigh ina dhiaidh seo, ach is féidir achoimre ghinearálta a thabhairt air leis na pointí urchair seo a leanas:

Sampla

Nós imeachta um ghlacadh cliaint

- Sainaithint gach cliaint agus fíorú chéannacht gach cliaint go tráthúil (go háirithe má thagann athrú ar chéannacht an chliaint)
- Sainaithint an úinéara thairbhiúil, agus glactar bearta réasúnta chun a chéannacht a fhíorú
- Tuiscint ar imthosca agus ar ghnó an chliaint, ag brath ar nádúr, raon feidhme agus uainiú na seirbhísí atá le soláthar. Is féidir an fhaisnéis sin a fháil ó chliaint i ngnáthchúrsa an teagaisc

Breithniú a dhéanamh cibé acu an cliant a ghlacadh nó gan é a ghlacadh

- Tar éis an nós imeachta um ghlacadh cliaint a dhéanamh, breithniú ar cibé acu an ann nó nach ann do riosca don dlíodóir go ndéanadh sé cion substainteach an sciúrtha airgid dá gcabhródh sé leis an gcliant
- Measúnú riosca a dhéantar maidir le haon bhratach dhearg atá ann agus soiléirithe a iarrtar ón gcliant, lena n-áirítear maidir leis an bhfíorú céannachta, chun cinneadh a dhéanamh cibé acu ar cheart nó nár cheart leanúint ar aghaidh leis an gcaidreamh

Faireachán leanúnach ar an gcliant

- Faireachán leanúnach ar phróifíl an chliaint i ndáil le comharthaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta, go háirithe más duine atá faoi riteacht pholaitiúil é an cliant nó más ó thír lena mbaineann riosca níos mó é
- Glacadh an chur chuige rioscabhunaithe chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta de réir cliaint, chineál na seirbhíse dlí, cistí agus rogha dlíodóra an chliaint

Conas measúnú riosca a dhéanamh

Agus measúnú riosca á dhéanamh le haghaidh cleachtais, moltar do dhlíodóirí na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

- faisnéis maidir le rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta arna cur ar fáil ag an údarás maoirseachta náisiúnta i bhfianaise a mheasúnaithe riosca féin

- tosa riosca maidir leis na nithe seo a leanas:
 - cliaint, mar shampla, an bhfuil bonn cliant seasmhach (dóchúlacht riosca níos lú) ag an gcleachtas nó an mbíonn na cliaint ag athrú go minic (dóchúlacht riosca níos mó); cé na hearnálacha ina mbíonn siad ag feidhmiú (d'fhéadfadh dóchúlacht riosca níos mó a bheith ag baint le tionscal na maoine réadaí nó na n-arm, mar shampla); agus cliaint a mbaineann láimhdeachas ard in airgead tirim lena ngnó (dóchúlacht riosca níos mó)
 - na tíortha nó na réigiúin ina bhfeidhmíonn an cleachtas – féach an roinn thíos maidir le tríú tíortha ardriosca
 - táirgí nó seirbhísí, amhail cibé acu a bhíonn nó nach mbíonn an cleachtas rannpháirteach i gcabhrú le cliaint le hidirbhearta maoine réadaí, cruthú nó bainistíocht iontaobhas, cuideachtaí agus carthanas (bíonn dóchúlacht riosca níos airde ag baint leo sin go léir)
 - idirbhearta – féach na samplaí sa phointe thuas
 - bealaí seachadta, amhail íocaíochtaí in airgead tirim
- nádúr aon cheiste a tháinig chun cinn i dtuarascálacha a rinne an cleachtas roimhe seo ar idirbhearta amhrasacha
- breithniú orthu seo a leanas:
 - an Measúnú Riosca Náisiúnta, measúnuithe frithpháirteacha FATF, nó ábhair atá ar fáil go poiblí i leith na rioscaí sna tíortha ina bhfeidhmíonn an cleachtas
 - Measúnú Riosca Fornáisiúnta an Aontais
 - aon ábhar eile, mar shampla ailt sa phreas ina dtarraingítear aird ar cheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn i ndlínsí áirithe

Nuair a bheidh measúnú déanta ar na rioscaí, ba cheart díriú ar thosca maolaithe nó rialuithe réasúnta is féidir a chur chun feidhme chun na rioscaí a bhainistiú agus a dtábhacht a laghdú go leibhéal comhréireach inghlactha nuair is féidir (más rud é nach féidir iad a laghdú go dtí an leibhéal sin, is léir gur cheart don dlíodóir breithniú a dhéanamh gan dul níos faide leis an gcás). Is ann do roinnt tosa maolaithe féideartha le breithniú mar bheartais i gcásanna iomchuí, mar shampla:

- foinsí cistí a iniúchadh i gcásanna lena mbaineann riosca níos mó

- toirmeasc a chur ar chuntas cliant an chleachtais a úsáid gan seirbhísí dlí a ghabhann leis
- íocaíochtaí in airgead tirim a theorannú, mar shampla os cionn teorainn áirithe ag an oifig féin nó sa chuntas bainc
- a bheith cothrom le dáta maidir le ceisteanna a thagann chun cinn
- imscrúdú breise a dhéanamh má iarrann cliant ar an gcleachtas tabhairt faoi na gnéithe meicniúla d'eintiteas dlítheanach a bhunú gan comhairle dlí a lorg maidir lena iomchuí atá struchtúr an eintitis

Mar sin féin, ní hionann measúnú riosca le haghaidh an chleachtais ina iomláine agus measúnú riosca le haghaidh cás ar leith. Gan beann ar an measúnú riosca don chleachtas, ba cheart measúnú riosca a dhéanamh ar gach aon idirbheart a chumhdaítear le raon feidhme Airteagal 2.1(3)(b)(i)-(v) den treoir faoi mar a liostaítear thuas, agus ba cheart na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

- cuspóir an idirbhirt nó an chaidrimh gnó
- méid na n-idirbheart a rinne an cliant
- rialacht agus fad an chaidrimh gnó

Maidir le go leor de na rioscaí céanna a tháinig chun cinn sa mheasúnú ar an gcleachtas, d'fhéadfaidís a bheith ábhartha maidir le hidirbheart ar leith agus ar an dóigh sin ní dhéantar measúnú orthu arís.

Go ginearálta, tá rannpháirtíocht príomhaithe agus bainisteoirí gnóthas dlí (gan beann ar a méid) in AML/CTF ina gné thábhachtach de chur i bhfeidhm an chur chuige rioscabhunaithe, ó tharla go n-atreisiúítear cultúr comhlíontachta le rannpháirtíocht den sórt sin, rud a áiríthíonn go gcloíonn baill foirne leis na beartais, na nósanna imeachta agus na próisis chun na rioscaí a bhainistiú go héifeachtach.

Méid an ghnóthais

D'fhéadfadh cur chuige difriúil i leith measúnú rioscabhunaithe ar a ngnóthais dlí a bheith ag teastáil ó dhlíodóirí i gcleachtais bheaga nó aonair, ós rud é gur dócha nach mbeidh na hacmhainní céanna acu is atá ag gnóthais atá i bhfad níos mó.

Ba cheart cuimhneamh ar na hacmhainní is féidir a leithdháileadh go réasúnta chun measúnú riosca atá forbartha go hiomchuí a chur chun feidhme agus a bhainistiú.

Ní bheifí ag súil leis go hiondúil go gcuirfeadh cleachtóir aonair leibhéal acmhainní ar fáil atá ar aon dul leis na hacmhainní a bheadh ag gnóthas mór; ina ionad sin, bheifí ag súil leis go

bhforbródh an cleachtóir aonair córais agus rialuithe iomchuí, agus go mbeadh an measúnú i gcomhréir le raon feidhme agus nádúr an chleachtais agus a chliant.

Ní bhítear ag súil leis go hiondúil go mbíonn sé ar a gcumas ag gnóthais bheaga a fhreastalaíonn ar chliaint áitiúla ar riosca íseal cuid mhór ama a chaitheamh ar mheasúnuithe riosca a dhéanamh.

D'fhéadfadh sé a bheith níos réasúnta do chleachtóirí aonair a bheith ag brath ar thaifid atá ar fáil go poiblí agus ar fhaisnéis arna cur ar fáil ag cliant le haghaidh measúnú riosca ná mar a bheadh sé do ghnóthas dlí mór ag a bhfuil bonn cliant éagsúil lena mbaineann próifílí riosca éagsúla.

Mar sin féin, i gcás inarb í clárlann phoiblí, nó an cliant féin, an fhoinsé, d'fhéadfadh riosca a bheith ag baint le cruinneas na faisnéise i gcónaí. Ina theannta sin, d'fhéadfadh coirpigh féachaint ar chleachtóirí aonair agus ar ghnóthais bheaga mar sprioc níos mó don lucht sciúrtha airgid ná gnóthais dlí mhóra. Is é an fáth go gceanglaítear ar ghairmithe dlí in go leor dlínsí agus cleachtas measúnú riosca a dhéanamh ar rioscaí ginearálta a gcleachtais agus ar gach cliant nua agus cliant atá ann faoi láthair atá ag gabháil d'idirbhearta sonracha aonuaire. Ní mór an bhéim a chur ar mheasúnú rioscabhunaithe a dhéanamh.

Mar shampla, maidir le méid an ghnóthais, toisc thábhachtach le cur san áireamh is ea cibé acu a bheadh nó nach mbeadh an cliant agus an obair bheartaithe neamhghnách, rioscúil nó amhrasach le haghaidh an ghairmí dlí ar leith. Ní mór an toisc sin a chur san áireamh i gcomhthéacs cleachtas an ghairmí dlí, agus i gcomhthéacs na n-oibleagáidí dlíthiúla, gairmiúla agus eiticíúla i ndlínse nó i ndlínsí an chleachtais.

DÍCHEALL CUÍ CUSTAIMÉARA (CDD)

Réamhrá

Cuimsítear le CDD na gníomhaíochtaí seo a leanas (ar a dtugtar mionsonraí breise thíos), mar is fearr is féidir leat idirbhearta amhrasacha a shainaithint má tá aithne agat ar an gcustaiméir agus má thuigeann tú an réasúnaíocht taobh thiar de na teoracha a thugann sé duit:

- ní mór an cliant a shainaithint agus a chéannacht a fhóru, mura bhfuil aitheantas an chliaint ar eolas agat cheana féin;
- i gcás inarb ann d'úinéir tairbhiúil nach é an cliant é, ní mór é sin a shainaithint agus bearta réasúnta a ghlacadh chun an chéannacht a fhóru; agus
- ní mór measúnú a dhéanamh agus, de réir mar is cuí, faisnéis a fháil maidir le cuspóir agus nádúr beartaithe an chaidrimh gnó nó an idirbhirt ócáidigh.

Liostaítear in Airteagal 11 den treoir na tosca inar gá CDD a dhéanamh:

Airteagal 11

Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh na heintitis faoi oibleagáid bearta díchill chuí custaiméara i bhfeidhm sna himthosca seo a leanas:

(a) nuair a bheidh caidreamh gnó á bhunú;

(b) nuair a bheidh idirbheart ócáideach á dhéanamh:

(i) is ionann agus EUR 15 000 nó níos mó, cibé acu a dhéantar an t-idirbheart sin in aon oibríocht amháin nó i roinnt oibríochtaí a bhfuil an chuma orthu a bheith nasctha; nó

(ii) is aistriú cistí é, mar a shainmhínítear i bpointe (9) d’Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2015/847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (12), is mó ná EUR 1 000;

(c) i gcás daoine ag trádáil in earraí, nuair a dhéanfar idirbhearta ócáideacha in airgead tirim is ionann agus EUR 10 000 nó níos mó, cibé acu a dhéantar an t-idirbheart sin in aon oibríocht amháin nó i roinnt oibríochtaí a bhfuil an chuma orthu a bheith nasctha;

(d) i gcás soláthraithe seirbhísí cearrbhachais, ar bhuachan a bhaint, ar gheall a chur, nó iad araon, nuair a dhéanfar idirbhearta is ionann agus EUR 2 000 nó níos mó, cibé acu a dhéantar an t-idirbheart sin in aon oibríocht amháin nó i roinnt oibríochtaí a bhfuil an chuma orthu a bheith nasctha;

(e) nuair a bheidh amhras ann faoi sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta, beag beann ar aon mhaolú, díolúine nó tairseach;

(f) nuair a bheidh amhras ann faoi fhirinneacht nó leordhóthanacht shonraí céannachta na gcustaiméirí a bheidh faighte roimhe.

Tá tuairisc iomlán ar bhearta CDD le fáil in Airteagal 13:

Airteagal 13

1. Is é a bheidh i mbearta díchill chuí custaiméara:

(a) an custaiméir a shainaithint agus céannacht an chustaiméara a fhíorú ar bhonn na ndoiciméad, na sonraí nó na faisnéise a fhaightear ó fhoinse iontaofa agus neamhspleách, lena n-áirítear, i gcás ina mbeidh fáil orthu, modhanna ríomh-shainaitheantais, seirbhísí ábhartha iontaobhais mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (14) nó aon phróiseas eile sainaitheantais slán, cianda nó leictreonach atá rialaithe, aitheanta nó formheasta ag na húdaráis náisiúnta inniúla nó a bhfuil glactha acu leis;

(b) an t-úinéir tairbhiúil a shainaithint agus bearta réasúnacha a dhéanamh chun céannacht an duine sin a fhíorú ionas gur deimhin leis an eintiteas faoi oibleagáid gurb eol dó cé hé an t-úinéir tairbhiúil, lena n-áirítear, a mhéid a bhaineann le daoine dlítheanacha, iontaobhais, cuideachtaí, fondúireachtaí agus socruithe dlíthiúla comhchosúla, chun tuiscint a fháil ar úinéireacht agus ar struchtúr rialaithe an chustaiméara. I gcás inarb é an t-oifigeach bainistíochta sinsearach an t-úinéir tairbhiúil arna shainaithint, amhail dá dtagraítear in Airteagal 3(6)(a)(ii), déanfaidh eintitis faoi oibleagáid na bearta réasúnacha is gá chun fíorú a dhéanamh ar

chéannacht an duine nádúrtha a bhfuil post oifigigh bainistíochta shinsearaigh aige nó aici agus coimeádfaidh siad taifid ar na gníomhaíochtaí a rinneadh chomh maith le haon deacracht a bhí acu le linn phróiseas an fhóraithe;

(c) measúnú a dhéanamh agus, de réir mar is cuí, faisnéis a fháil maidir le cuspóir agus nádúr beartaithe an chaidrimh gnó;

(d) faireachán leanúnach a dhéanamh ar an gcaidreamh gnó lena n-áirítear scrúdú ar idirbhearta a rinneadh i gcúrsa an chaidrimh sin lena áirithiú go bhfuil na hidirbhearta á ndéanamh ag teacht le heolas an oibleagáideora ar an gcustaiméir, ar an ngnó agus ar phróifíl riosca, lena n-áirítear foinse cistí agus ag áirithiú i gcás inar gá go gcoimeádfar na doiciméid, na sonraí nó an fhaisnéis atá á dteachtadh cothrom le dáta.

Agus na bearta dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) den chéad fhomhír á gcomhall, fíoróidh eintitis faoi oibleagáid freisin go bhfuil aon duine a airbheartaíonn gníomhú thar ceann an chustaiméara údaraithe amhlaidh agus céannacht an duine sin a shainaithint agus a fhíorú.

An rud deiridh atá le lua sa chomhthéacs seo is ea gur mar a leanas a shainmhínítear ‘caidreamh gnó’ le hAirteagal 3(13) den treoir:

Airteagal 3

(13) ciallaíonn ‘caidreamh gnó’ caidreamh gnó, gairmiúil nó tráchtála atá nasctha le gníomhaíochtaí gairmiúla eintitis faoi oibleagáid agus a bhfuiltear ag súil leis, nuair a chuirfear an teagmháil ar bun, go mbeidh eilimint ré ann;

Uainiú

Léirítear go soiléir le hAirteagal 11 nach mór CDD a dhéanamh agus caidreamh gnó á chur ar bun nó nuair a bheidh idirbhearta ócáideacha agus sainithe áirithe á ndéanamh. Soiléirítear le hAirteagal 14 nach mór CDD a dhéanamh roimh cheann ar bith díobh sin, ach go bhféadfaidh na Ballstáit lamháil go gcríochnófar céannacht an chustaiméara agus an úinéara thairbhiúil le linn caidreamh gnó a bhunú más gá ionas nach gcuirfear isteach ar ghnáthdhéanamh gnó agus i gcás gur beag riosca sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta – ach a luaithe is indéanta mar sin féin.

Níl aon oibleagáid CDD a dhéanamh le haghaidh táillí áirithíochta lena mbaineann gníomhaíochtaí lasmuigh de raon feidhme na teorach. Mar sin féin, déanann go leor gnóthais dlí CDD ar gach cliant nua, gan beann ar nádúr an ábhair. Mar thoradh air sin, is féidir le cliant dul níos éasca ó ghníomhaíochtaí neamhrialáilte gnóthais dlí go gníomhaíochtaí rialáilte, agus laghdaítear an t-ualach oibre ar ghnóthais dlí faireachán leanúnach a dhéanamh ar an aistriú idir idirbhearta ócáideach agus caidreamh gnó.

Is ann d’eisceacht speisialta ó thaobh uainiú de le haghaidh dlíodóirí maidir le CDD in Airteagal 14(4):

Airteagal 14

4. Ceanglóidh na Ballstáit, más rud é nach féidir le heintiteas faoi oibleagáid cloí le ceanglais díchill chuí custaiméara a leagtar síos i bpointe (a), (b) nó (c) den chéad fhomhír d’Airteagal 13(1), nach ndéanfaidh sé idirbheart trí chuntas bainc, caidreamh gnó a bhunú ná idirbheart a dhéanamh, agus críochnóidh sé an caidreamh gnó agus breithneoidh sé ar thuarascáil idirbheart amhrasach a dhéanamh chun an FIU i ndáil leis an gcustaiméir i gcomhréir le hAirteagal 33.

Ní chuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm an chéad fhomhír ar nótaí, ar ghairmithe dlí neamhspleácha eile, ar iniúcháirí, ar chuntasóirí seachtracha agus ar chomhairleoirí cánach, seachas a mhéid a fhionnfaidh na daoine sin staid dhlíthiúil a gcliant, nó go ndéanfaidh siad an cúram chun an cliant a chosaint nó a ionadú nó maidir le himeachtaí breithiúnacha, lena n-áirítear comhairle a sholáthar chun na himeachtaí sin a thionscnamh nó a sheachaint.

Ní mór do dhlíodóirí a thuiscint gur eisceacht dhian atá ann, a bhaineann le comhairle agus le hobair dhlíthíochta agus leo sin amháin, agus nach mbaineann sí le hobair idirbheartaíochta.

Tá dualgas ann freisin faireachán leanúnach a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 14(5) ‘ag amanna iomchuí le custaiméirí atá ann cheana ar bhonn riosca-íogair, nó nuair a athróidh imthosca ábhartha custaiméara, nó nuair a bheidh aon dualgas dlíthiúil ar an eintiteas faoi oibleagáid le linn na bliana féilire ábhartha, go rachaidh na heintitis faoi oibleagáid sin i dteagmháil leis an gcustaiméir chun críche aon fhaisnéis ábhartha a bhaineann leis an úinéir tairbhiúil/na húinéirí tairbhiúla a athbhreithniú’.

Is léir go ndéanfaí faireachán leanúnach den sórt sin i gcás ina n-iarrfaí ar an dlíodóir idirbheart a dhéanamh nach luíonn le hacmhainní an chliant atá ar eolas nó lena phatrúin iompraíochta. Mar sin féin, is dea-chleachtas é córas athbhreithnithe agus athnuachana rialta CDD a fheidhmiú. Is dea-chleachtas é freisin taifead a choimeád go ndearnadh faireachán den sórt sin ar eagla go gcuirfí ceisteanna ina dhiaidh sin.

Leibhéal

Le hAirteagal 13 den treoir, leagtar síos na ceanglais ghinearálta le haghaidh CDD, mar a leanas:

- (a) an custaiméir a shainaithint agus céannacht an chustaiméara a fhíorú ar bhonn doiciméad, sonraí nó faisnéise a fhaightear ó fhoinsé iontaofa agus neamhspleách, lena n-áirítear, i gcás ina mbeidh fáil orthu, modhanna ríomh-shainaitheantais, seirbhísí ábhartha iontaobhais
- (b) an t-úinéir tairbhiúil a shainaithint agus bearta réasúnacha a dhéanamh chun céannacht an duine sin a fhíorú ionas gur deimhin leis an eintiteas faoi oibleagáid gurb eol dó cé hé an t-úinéir tairbhiúil, lena n-áirítear, a mhéid a bhaineann le daoine dlítheanacha, iontaobhais, cuideachtaí, fondúireachtaí agus socruithe dlíthiúla comhchosúla, chun tuiscint a fháil ar úinéireacht agus ar struchtúr rialaithe an chustaiméara.
- (c) measúnú a dhéanamh agus, de réir mar is cuí, faisnéis a fháil maidir le cuspóir agus nádúr beartaithe an chaidrimh gnó

- (d) faireachán leanúnach a dhéanamh ar an gcaidreamh gnó lena n-áirítear scrúdú ar idirbhearta a rinneadh i gcúrsa an chaidrimh sin lena áirithiú go bhfuil na hidirbhearta á ndéanamh ag teacht le heolas an eintitis faoi oibleagáid ar an gcustaiméir, ar an ngnó agus ar phróifíl riosca, lena n-áirítear foinse na gcistí agus ag áirithiú i gcás inar gá go gcoimeádfar na doiciméid, na sonraí nó an fhaisnéis atá á dteachtadh cothrom le dáta.

Má tá duine ag gníomhú thar ceann an chliant, ansin ní mór don dlíodóir a fhíorú freisin go bhfuil an duine sin údaraithe é sin a dhéanamh, agus an duine sin a shainaithint agus a chéannacht a fhíorú.

Tá liosta neamh-uileghabhálach d'athróga riosca in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an treoir nach mór do dhlíodóirí a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh acu faoin méid is ceart bearta CDD a chur i bhfeidhm:

Iarscríbhinn 1

(i) críoch cuntais nó caidrimh;

(ii) leibhéal na sócmhainní atá le taisceadh ag custaiméir nó méid na n-idirbheart arna ndéanamh;

(iii) rialtacht nó ré an chaidrimh gnó.

Mar a luaitear thuas, is gníomhaíochtaí rioscabhunaithe iad gníomhaíochtaí AML/CTF. Tá dhá leibhéal CDD ann, ag brath ar leibhéal an riosca lena mbaineann: CDD simplithe agus CDD feabhsaithe. Tabharfar mionsonraí breise ar na forálacha ginearálta thuas faoin dá leibhéal sin thíos. Moltar gach nós imeachta a thaifeadadh.

Dícheall cuí simplithe (SDD)

Is iomchuí SDD nuair a chinneann an dlíodóir go bhfuil riosca íseal sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta ag baint leis an gcaidreamh gnó nó leis an idirbheart, agus an measúnú riosca cásbhunaithe sonracha á chur san áireamh. Le dícheall cuí simplithe, is léir nach mór don dlíodóir an cliant a shainaithint, agus, go háirithe maidir le cliant neamhaithnid, ba cheart na ceistanna seo a leanas a chur san áireamh:

- ainm, seoladh agus uimhir theileafóin
- cúlra fostaíochta an chliant roimhe seo agus faoi láthair
- áit agus dáta breithe
- seoladh baile roimhe seo agus faoi láthair
- seoladh gnó agus uimhir theileafóin
- stádas pósta
- ainmneacha agus sonraí céannachta eile an chéile agus leanaí

- ainm agus sonraí teagmhála chuntasóir an chliant
- taifead coiriúil roimhe seo
- dlíthíocht ar feitheamh
- tuairisceáin chánach

Áirítear le fianaise ar chéannacht:

- doiciméid chéannachta amhail pasanna agus ceadúnais tiomána i bhfoirm cárta agus grianghraf air
- cineálacha deimhnithe eile, lena n-áirítear dearbhuithe ó dhaoine laistigh den earnáil rialáilte nó uathu sin i do chleachtas a bhí ag plé leis an duine ar feadh tréimhse áirithe

I bhformhór na gcásanna ina ndéantar an fíorú ar bhonn aghaidh ar aghaidh, ba cheart go gcuirfí ar a gcumas don chuid is mó de chliant ceanglais AML/CTF ó thaobh céannachta de a chomhlíonadh ach pas bailí nó cárta aitheantas bailí a bhfuil grianghraf air a thaispeáint. Ba cheart cóipeanna de na doiciméid sin a choinneáil i bhfoirm cóip chrua bhunaidh, cóip chrua dheimhnithe, scanadh, nó cóip agus nóta léi go bhfacthas na doiciméid bhunaidh, de réir mar is iomchuí.

Is den dea-chleachtas é ceann de na doiciméid seo a leanas a fháil freisin:

- aon doiciméad rialtais amháin ina bhfóraítear an t-ainm agus an seoladh nó an t-ainm agus an dáta breithe
- doiciméad rialtais ina bhfóraítear ainm iomlán an chliant agus doiciméad tacaíochta eile ina bhfóraítear a ainm agus ceachtar dá sheoladh nó dá dháta breithe

I gcás nach féidir na doiciméid sin a fháil, ba cheart breithniú a dhéanamh ar iontaofacht foinsí eile agus na rioscaí a bhaineann leis an gcliant agus leis an táille áirithíochta. D'fhéadfadh an fíorú leictreonach as féin a bheith leordhóthanach ar choinníoll go n-úsáidfadh an dlíodóir roinnt foinsí sonraí sa phróiseas fíorúcháin.

I gcás ina bhfuil doiciméid i dteanga eile, ní mór do dhlíodóirí bearta iomchuí a ghlacadh le bheith réasúnta sásta go bhfuil fianaise ar chéannacht an chliant sna doiciméid.

Más rud é nach mbuaileann an dlíodóir leis an gcliant, ní mór don dlíodóir breithniú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil sé sin ina riosca breise ar cheart é a chur san áireamh i measúnú riosca ar an gcliant, agus ar fhairsinge bhearta CDD iarmhartacha a chuirtear i bhfeidhm.

Mura féidir leis an gcliant fíorú caighdeánach a chur ar fáil, ba cheart breithniú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil sé sin ag teacht le próifíl agus imthosca an chliant, nó an fianaise ar

sciúradh airgid nó ar mhaoiniú sceimhlitheoireachta a d'fhéadfadh a bheith ann. Féadfar doiciméid eile a bhreithniú ach cúis mhaith a bheith ann.

Tá ranna thíos maidir le tríú tíortha ardriosca, daoine atá faoi riteacht pholaitiúil, agus leochaileachtaí eile i leith sciúradh airgid/maoiniú sceimhlitheoireachta. Cumhdaítear iad faoi dhícheall cuí feabhsaithe mar bíonn bearta breise de dhíth orthu, ach ní bheidh dlíodóir ar an eolas go bhfuil siad ann má chuirtear ceisteanna faoin gcliant ag an tús, rud a chuirfidh ar a chumas don dlíodóir cinneadh a dhéanamh maidir leis an leibhéal CDD is iomchuí. I bhfocail eile, ní mór an dá leibhéal a thuiscint le bheith cinnte maidir leis an gcatagóir áirithe lena mbaineann cliant nó idirbheart ar leith. Ag deireadh na roinne maidir le dícheall cuí feabhsaithe thíos, tugtar tuairisc freisin ar thosca riosca éagsúla, a dtugtar 'bratacha dearga' orthu go hiondúil, chun idirdhealú a dhéanamh idir na catagóirí.

Tá liosta neamh-uileghabhálach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an treoir de thosca agus de chineálacha fianaise a d'fhéadfadh a bheith de riosca níos ísle, a bhféadfadh SDD a bheith ina thoradh orthu, agus ní mór iad sin a chur san áireamh. Roinntear iad ina dtrí chatagóir – cineál custaiméara, cineál idirbhirt, agus geografaíocht – mar a leanas:

Iarscríbhinn II

(1) Tosca riosca custaiméara:

(a) cuideachtaí poiblí arna liostú ar stocmhalartán agus atá faoi réir na gceanglas nochta (trí rialacha an stocmhalartáin nó tríd an dlí nó trí mhodhanna in-fhorfheidhmithe), a fhorchuireann ceanglais chun trédhearcacht leordhóthanach ar úinéireacht thairbheach a áirithiú;

(b) riaracháin nó fiontair phoiblí;

(c) custaiméirí atá ina gcónaí i limistéir gheografacha le riosca níos ísle mar a leagtar amach i bpointe (3);

(2) Tosca riosca i dtaca le táirge, seirbhís, idirbheart nó bealach seachadta:

(a) polasaithe árachais saoil a bhfuil préimh íseal acu;

(b) polasaithe árachais do scéimeanna pinsin mura bhfuil aon rogha chun géilleadh go luath agus nach féidir an polasaí a úsáid mar chomhthaobhacht;

(c) pinsean, scéim aoisliúntais nó scéim dá samhail a thugann socair scoir d'fhostaithe, ina ndéantar ranníocaíochtaí trí asbhaint ó phá, agus nach gceadaíonn rialacha na scéime go ndéanfaí ús baill a shannadh faoin scéim;

(d) táirgí nó seirbhísí airgeadais a chuireann seirbhísí sainmhínithe agus teorannaithe go hiomchuí ar fáil do chineálacha áirithe custaiméirí chun rochtain a mhéadú chun críocha cuimsithe airgeadais;

(e) táirgí ina mbainistíonn tosca eile na rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta amhail teorainneacha sparáin nó trédhearcacht úinéireachta (e.g. cineálacha áirithe airgid leictreonaigh);

(3) Fachtóirí riosca geografacha — clárúchán, bunú, cónaí iontu seo a leanas:

(a) Ballstáit;

(b) tríú tíortha ag a bhfuil córais éifeachtacha AML/CTF;

(c) tríú tíortha a aithníonn foinsí inchreidte go bhfuil leibhéil ísle éillithe nó gníomhaíochta coiriúla eile acu;

(d) bunaithe ar fhoinsí inchreidte amhail meastóireachtaí frithpháirteacha, tuarascálacha measúnaithe mionsonraithe nó tuarascálacha leantacha foilsithe, tríú tíortha a bhfuil ceanglais acu chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac atá ag teacht le Moltaí athbhreithnithe FATF agus a chuireann na ceanglais sin chun feidhme go héifeachtach.

Nuair a bheidh an caidreamh gnó bunaithe, ba cheart faireachán leanúnach a dhéanamh air le haghaidh teagmhais truícir lena bhféadfaí ceanglas a chruthú maidir le dícheall cuí breise ina dhiaidh sin.

Gan beann ar an leibhéal CDD a úsáidtear, ba cheart do dhlíodóirí beartas inmheánach agus nósanna imeachta inmheánacha a fhorbairt chun bearta CDD, SDD ina measc, a chur i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach agus chun go mbeidh fianaise shoiléir ann ar an gcur chuige a glacadh. Mura mbíonn nósanna imeachta sásúla i bhfeidhm, bíonn dlíodóirí i mbaoil níos mó cionta sciúrtha airgid a dhéanamh, agus d'fhéadfaí pionós a ghearradh orthu.

Dícheall cuí feabhsaithe (EDD)

Bíonn EDD de dhíth nuair a bhíonn rioscaí níos mó ann. Tá samplaí le fáil in Airteagal 18 den treoir d'idirbhearta lena mbaineann riosca níos mó a bhfuil EDD dhíth go mór orthu. Ba cheart méid agus cineál an fhaireacháin ar an gcaidreamh gnó a mhéadú, chun a chinneadh an bhfuil na hidirbhearta nó na gníomhaíochtaí amhrasach. Seo a leanas na hidirbhearta:

- idirbhearta casta
- idirbhearta atá níos mó ná mar is gnách
- idirbhearta a bhfuil pátrún neamhghnách ag baint leis an gcaoi ina ndéantar iad
- idirbhearta nach léir go bhfuil cuspóir eacnamaíoch nó dleathach leo

Tá liosta neamh-uileghabhálach ina dhiaidh sin in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an treoir de thosca agus de chineálacha fianaise a d'fhéadfadh a bheith de riosca níos airde, a bhféadfadh EDD a bheith ina thoradh orthu, agus ní mór iad sin a chur san áireamh. Roinntear iad ina dtrí chatagóir arís – cineál custaiméara, cineál idirbhirt, agus geografaíocht – mar a leanas:

Iarscríbhinn III

(1) Tosca riosca custaiméara:

- (a) déantar an caidreamh gnó in imthosca neamhghnácha;*
- (b) custaiméirí atá ina gcónaí i limistéir gheografacha le riosca níos airde mar a leagtar amach i bpointe (3);*
- (c) daoine dlítheanacha nó socruithe ar ionstraimí sealbhaithe sócmhainní pearsanta iad;*
- (d) cuideachtaí a bhfuil scairshealbhóirí ainmnitheacha nó scaireanna i bhfoirm iompróra acu;*
- (e) gnóthaí atá dian ar airgead tirim;*
- (f) tá cuma neamhghnách nó an-chasta ar struchtúr úinéireachta na cuideachta, i bhfianaise chineál ghnó na cuideachta;*
- (g) is náisiúnach ó thríú tír é an custaiméir a dhéanann iarratas le haghaidh cearta cónaithe nó saoránachta sa Bhallstát mar mhalartú ar aistrithe caipitil, ceannach maoine nó bannaí rialtais, nó infheistíocht a dhéanamh in eintitis chorparáideacha sa Bhallstát sin.*

(2) Tosca riosca i dtaca le táirge, seirbhís, idirbheart nó bealach seachadta:

- (a) baincéireacht phríobháideach;*
- (b) táirgí nó idirbhearta a d'fhéadfadh a bheith i bhfabhar neamhainmníochta;*
- (c) caidrimh ghnó nó idirbhearta nach ndéantar duine le duine, gan cosaintí áirithe, amhail modh ríomh-shainitheantais leictreonacha, seirbhísí ábhartha iontaobhais mar a shainítear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 nó aon phróiseas eile sainitheantais atá slán, cianda nó leictreonach rialáilte, aitheanta nó formheasta ag na húdaráis ábhartha náisiúnta nó a mbeidh glactha acu leis;*
- (d) íocaíocht a fhaightear ó thríú páirtithe neamhaithnid nó neamhchomhlachaithe;*
- (e) táirgí nua agus cleachtais ghnó nua, lena n-áirítear sásraí nua seachadta, agus teicneolaíochtaí nua nó atá á bhforbairt a úsáid do tháirgí nua agus táirgí atá ann cheana;*
- (f) idirbhearta a bhaineann le hola, le hairm, le miotail lómhara, le táirgí tobac, le déantáin chultúrtha agus nithe eile a bhfuil tábhacht seandálaíochta, stairiúil nó chultúrtha agus reiligiúnach, nó tearcluach eolaíoch ag baint leo, chomh maith le heabhar agus speicis faoi chosaint.*

(3) Tosca riosca geografacha:

- (a) gan dochar d'Airteagal 9, tíortha a aithníonn foinsí inchreidte amhail meastóireachtaí frithpháirteacha, tuarascálacha measúnaithe mionsonraithe nó tuarascálacha leantacha foilsithe, nach bhfuil córais éifeachtacha AML/CTF acu;*
- (b) tíortha a n-aithníonn foinsí inchreidte go bhfuil leibhéil shuntasacha éillithe nó gníomhaíochta coiriúla eile acu;*

(c) tíortha faoi réir smachtbhannaí, trádbhac nó bearta dá samhail arna n-eisiúint, mar shampla, ag an Aontas nó na Náisiúin Aontaithe;

(d) tíortha a chuireann maoiniú nó tacaíocht do ghníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta ar fáil nó ag a bhfuil eagraíochtaí sceimhlitheoireachta ag feidhmiú taobh istigh dá dtír.

Is treoir mhaith í an roinnt i dtrí chatagóir – custaiméir, seirbhís agus geografaíocht – ar feadh phróiseas an díchill chuí.

Prionsabal cabhrach eile is ea, maidir lena mhéid is gá do dhlíodóir fianaise ar staid airgeadais cliaint, nó ar aon thoisc riosca eile, a fháil agus a athbhreithniú, go mbraitheann sé sin ar phróifíl riosca an chliaint nó an ábhair. Bíonn an ceanglas seo níos déine i gcásanna EDD. Is den dea-chleachtas é seiceálacha áirithe a dhéanamh i ngach cás – mar shampla, is uirlis phraiticiúil úsáideach é seiceáil a dhéanamh ar fhoinsí cistí agus ar an bhfoinse rachmais chun cleachtas dlíodóra a chosaint go ginearálta.

Brath ar thríú páirtithe

Le hAirteagal 25 den treoir, cuirtear ar a gcumas do Bhallstáit ligean do dhlíodóirí (agus eintitis eile faoi oibleagáid) a bheith ag brath ar thríú páirtithe chun ceanglais CDD a chomhlíonadh. I bhfianaise na discréide a thugtar dóibh, d'fhéadfadh rialacha éagsúla a bheith ag Ballstáit éagsúla agus ba cheart iad sin a sheiceáil. Mar sin féin, foráiltear go sainráite leis an treoir gur 'leis an eintiteas faoi oibleagáid atá ag brath ar an tríú páirtí, áfach, a fhanfaidh an fhreagracht i gcás na ceanglais [CDD] sin a chomhlíonadh'. Dá bhrí sin, ba cheart do dhlíodóirí ceist a chur i gcónaí faoi na fiosruithe CDD a rinne an duine eile lena áirithiú go gcloíonn siad leis an treoir agus leis an gcur chuige rioscabhunaithe.

Le hAirteagal 26, cuirtear srian leis na tríú páirtithe ar a bhféadfadh dlíodóirí (agus daoine eile faoi oibleagáid faoin treoir) a bheith ag brath:

Airteagal 26

1. Chun críocha na Roinne seo, ciallaíonn 'tríú páirtithe' eintitis faoi oibleagáid a liostaítear in Airteagal 2, balleagraíochtaí nó cónaidhmeanna na n-eintiteas faoi oibleagáid sin, nó institiúidí nó daoine eile atá suite i mBallstát nó i dtríú tír:

(a) a dhéanann ceanglais díchill chuí custaiméara agus ceanglais coinneála taifead a chur i bhfeidhm atá comhsheasmhach leis na cinn a leagtar síos sa Treoir seo; agus

(b) a chomhlíonann ceanglais na Treorach seo faoi mhaoirseacht ar mhodh atá comhsheasmhach le Roinn 2 de Chaibidil VI.

I bhfocail eile, ní mór do na tríú páirtithe féin a bheith faoi réir oibleagáidí na treorach nó faoi réir córas atá ag teacht le ceanglais na treorach maidir le CDD, coimeád taifead agus maoirseacht.

Tá cosc ar Bhallstáit ceadú do dhlíodóirí (agus d'eintitis eile faoi oibleagáid) a bheith ag brath ar thríú páirtithe atá bunaithe i dtríú tíortha ardriosca (tugtar tuilleadh faisnéise orthu sin thíos). Féadfaidh na Ballstáit brainsí agus fochuideachtaí faoi úinéireacht thromlach eintiteas faoi oibleagáid a bhunaítear san Aontas a dhíolmhú ón gceanglas sin i gcás ina gcomhlíonfaidh siad go hiomlán na beartais agus na nósanna imeachta uile-ghrúpa i gcomhréir le ceanglais na treorach maidir le beartais agus nósanna imeachta uile-ghrúpa (Airteagal 45).

Ar an iomlán, ba cheart do dhlíodóirí a áirithiú nach bhfuil an fhaisnéis CDD a chuirtear ar fáil as dáta agus ba cheart dóibh a bheith ar an eolas go bhféadfadh sé tarlú nach mbeidh measúnú riosca an duine ar a bhfuiltear ag brath ag teacht le measúnú riosca an dlíodóra. D'fhéadfadh sé tarlú nach iomchuí a bheith ag brath ar dhuine eile i gcónaí, agus ba chreat do dhlíodóirí an brath sin a bhreithniú mar riosca ann féin. Go ginearálta, ba cheart do dhlíodóirí a dheimhniú dóibh féin maidir leis an tríú páirtí:

- go bhfuil dea-cháil air
- go ndéantar rialáil, maoirseacht agus faireachán air
- go bhfuil bearta i bhfeidhm aige chun ceanglais maidir le CDD agus coimeád taifead a chomhlíonadh
- go bhfuil an fhaisnéis is gá aige maidir le rioscaí a bhaineann go sonrach le tír ar leith ina tír feidhmíochta

Beartais, rialuithe agus nósanna imeachta i scríbhinn

Tá sé tábhachtach go mbeadh beartais, rialuithe agus nósanna imeachta i scríbhinn ag dlíodóirí mar chuid den mheasúnú riosca ar a gcleachtais, go háirithe i ndáil le CDD.

Is iad seo na réimsí ina bhfuil sé tábhachtach na nithe seo a leanas a thaifeadadh i scríbhinn:

- tuiscint an dlíodóra nó an ghnóthais dlí ar na príomhrioscaí AML/CTF atá ann
- na foinsí a úsáideadh chun a measúnú riosca AML/CTF a dhéanamh
- leibhéal na mball foirne sa ghnóthas dlí ar féidir leo discríd a fheidhmiú maidir leis na beartais agus na nósanna imeachta, agus na himthosca faoinar féidir an discríd sin a fheidhmiú
- na ceanglais CDD is gá a chomhlíonadh maidir le dícheall cuí simplithe, caighdeánach agus feabhsaithe (áit a dtagann dícheall cuí caighdeánach idir dícheall cuí simplithe agus dícheall cuí feabhsaithe; cumhdaítear leis go hiondúil cásanna ina bhféadfadh riosca a bheith ann, ach nár dhócha go dtiocfadh an riosca sin chun cinn)
- na himthosca ina gceadófar eisfhoinsiú oibleagáidí CDD nó braith, agus na coinníollacha a bheidh ann

- cén chaoi a gcuirfear srian le hobair a dhéantar ar chomhad i gcás nach bhfuil CDD curtha i gcrích
- na himthosca faoina gceadaítear CDD moillithe
- na cásanna ina nglacfar le híocaíochtaí in airgead tirim
- na cásanna ina nglacfar le híocaíochtaí ó thríú páirtithe nó ina ndéanfar íocaíochtaí le tríú páirtithe
- cinntí a ghlactar lasmuigh den ghnáthbheartas, mar shampla má ghlactar cinneadh rialuithe breise a ghlacadh i ndáil le cliant nó le hábhar ar leith

Is ann do rialacha speisialta le haghaidh gnóthais dlí (agus eintitis eile faoi oibleagáid) ar cuid de ghrúpa iad, mar atá leagtha amach in Airteagal 45

Airteagal 45

1. Ceanglóidh na Ballstáit ar eintitis faoi oibleagáid ar cuid de ghrúpa iad beartais agus nósanna imeachta uile-ghrúpa a chur chun feidhme, lena n-áirítear beartais chun sonraí a chosaint agus beartais agus nósanna imeachta chun faisnéis a chomhroinnt laistigh den ghrúpa chun críocha AML/CTF. Cuirfear na beartais agus na nósanna imeachta sin chun feidhme go héifeachtach ar leibhéal na mbrainsí agus na bhfochuideachtaí faoi úinéireacht tromlaigh sna Ballstáit agus i dtríú tíortha.

2. Ceanglóidh na Ballstáit go n-áiritheoidh eintitis faoi oibleagáid a oibríonn bunáochtaí i mBallstát eile go n-urramaíonn na bunáochtaí sin forálacha náisiúnta an Bhallstáit eile sin ina dtrasúitear an Treoir seo.

3. Áiritheoidh na Ballstáit i gcás go mbeidh ag eintitis faoi oibleagáid brainsí nó fochuideachtaí faoi úinéireacht tromlaigh atá lonnaithe i dtríú tíortha i gcás nach mbeidh na híosccheanglais AML/CTF chomh dian iontu le ceanglais an Bhallstáit, go gcuirfidh a mbrainsí agus a bhfochuideachtaí faoi úinéireacht tromlaigh atá lonnaithe sa tríú tír ceanglais an Bhallstáit chun feidhme, lena n-áirítear cosaint sonraí, a mhéid a cheadaíonn dlí na tríú tíre sin.

...

5. Ceanglóidh na Ballstáit ar eintitis faoi oibleagáid, i gcás nach gceadóidh dlí tríú tíre cur chun feidhme na mbeartas agus na nósanna imeachta a cheanglaítear faoi mhír 1, go n-áiritheoidh eintitis faoi oibleagáid go gcuirfidh brainsí agus fochuideachtaí faoi úinéireacht tromlaigh sa tríú tír sin bearta breise i bhfeidhm chun déileáil go héifeachtach leis an riosca sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta, agus chun é a chur in iúl d'údaráis inniúla a mBallstáit baile. Murar leor na bearta breise, cuirfidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile gníomhaíochtaí breise maoirseachta i ngníomh, lena n-áirítear a cheangal nach mbunóidh an grúpa nó go

bhfoirceannfaidh sé caidreamh gnó, agus nach ndéanfaidh sé idirbhearta agus i gcás inar gá, a iarraidh ar an ngrúpa a oibríochtaí sa tríú tír a dhúnadh.

I bhfocail eile, i gcás inar cuid de ghrúpa iad, ní mór do na brainsí faisnéis a chomhroinnt laistigh den ghrúpa chun críocha AML/CTF. Ní mór do na brainsí forálacha náisiúnta AML/CTF an Bhallstáit ina mbunaítear iad a chomhlíonadh freisin.

Más rud é go bhfuil an brainse lonnaithe i dtríú tír ina bhfuil caighdeáin AML/CTF níos ísle, ní mór don bhrainse cloí le rialacha AML/CTF Bhallstát an ghnóthais dlí, sa mhéid a cheadaítear faoi dhlí áitiúil an tríú tír. Más rud é nach gceadaíonn an tríú tír beartais agus nósanna imeachta an ghnóthais dlí a chur chun feidhme, ní mór do na brainsí bearta breise AML/CTF a chur i bhfeidhm agus ní mór don ghnóthas dlí a údaráis inniúla féin a chur ar an eolas faoi sin. I gcás nach leor na bearta breise sin, ní mór don Bhallstát gníomhaíochtaí maoirseachta breise a fheidhmiú agus tá sé de chumhacht aige iarraidh ar an ngnóthas dlí an brainse a dhúnadh más gá.

Mar is iondúil, ba cheart do dhlíodóirí athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh go rialta ar a mbeartais, a rialuithe agus a nósanna imeachta uile-ghrúpa agus taifead i scríbhinn ar aon athrú a dhéantar a choinneáil ar bun. Ina theannta sin, ba cheart do dhlíodóirí taifead i scríbhinn a choimeád ar na bearta a ghlactar chun na beartais uile-ghrúpa, agus aon athrú orthu sin, a chur in iúl dá mbaill foirne.

Coimeád taifead

Ar leithligh ó nósanna imeachta i scríbhinn, tá sé éigeantach taifead a choimeád faoi Airteagal 40 den treoir. Ní mór na taifid sin a choimeád ar feadh 5 bliana tar éis deireadh caidrimh gnó leis an gcliant nó tar éis dáta idirbhirt ócáidigh. Cumhdaítear leis an gceanglas sin CDD agus sainaitheint idirbheart araon. Is é 5 bliana an íostréimhse a shonraítear sa treoir, ach ba cheart do dhlíodóirí a ndlíthe náisiúnta a sheiceáil le fáil amach an bhfuil gá le tréimhse níos faide sa chomhthéacs áitiúil.

Maidir le CDD, ní mór do dhlíodóirí cóip a choimeád de na doiciméid agus den fhaisnéis is gá chun na ceanglais maidir le CDD a chomhlíonadh, lena n-áirítear, nuair a bheidh sé ar fáil, anuas ar chóipeanna crua faisnéis a fuarthas trí mhodh ríomh-shainaitheantais, seirbhísí ábhartha iontaobhais nó aon phróiseas sainaitheantais eile bíodh sé slán, cianda nó leictreonach ar ghlac na húdaráis ábhartha náisiúnta leis.

Maidir leis an idirbheart, ní mór go gcoinneodh dlíodóirí an fhianaise thacaíochta agus taifid na n-idirbheart, arb é a bheidh iontu na doiciméid bhunaigh nó cóipeanna a bheidh inghlactha in imeachtaí breithiúnacha faoin dlí náisiúnta is infheidhme, a bhfuil gá leo chun idirbhearta a shainaitheint. Ba cheart na taifid sin a bheith leordhóthanach chun idirbhearta aonair (lena n-áirítear méideanna agus cineálacha an airgeadra lena mbaineann) a athchruthú, le go bhféadfaí leas a bhaint astu mar fhianaise in ionchúiseamh.

Na sonraí a choimeádtar faoi cheachtar den dá cheannteideal, ní mór iad a scríosadh ag deireadh na tréimhse 5 bliana, mura socraítear a mhalairt sa dlí náisiúnta. I gcás ar bith, ní féidir na sonraí a choinneáil níos faide ná 10 mbliana.

Cuideachtaí

Is eintiteas dlítheanach ina ceart féin í cuideachta, ach is trí ionadaithe a bhíonn a cuid gnó á dhéanamh aici. Ní mór do dhlíodóirí an chuideachta a shainaithint agus a fhíorú gurb ann di.

Cuimsítear le céannacht chuideachta a bunreacht, a gnó agus a struchtúr úinéireachta dlíthiúla.

Ba cheart do dhlíodóirí na nithe seo a leanas a fhíorú:

- ainm
- uimhir chuideachta nó cláruimhir eile
- seoladh na hoifige cláraithe agus, i gcás nach ionann é, seoladh na príomháite gnó

Más cuideachta liostaithe í, ba cheart do dhlíodóirí na nithe seo a leanas a fhíorú freisin:

- an dlí a bhfuil sí faoina réir agus a bunreacht
- ainmneacha iomlána an bhoird stiúrthóirí (nó an chomhlachta bainistíochta choibhéisigh) agus na ndaoine sinsearach atá freagrach as a hoibríochtaí

Is dócha go mbeidh riosca níos lú ag baint le cuideachta liostaithe. Más é sin toradh an mheasúnaithe, ba leor deimhniú a fháil ar liostú na cuideachta ar an margadh rialáilte, mar shampla:

- cóip de leathanach ó shuíomh gréasáin an stocmhalartáin ábhartha ar a léirítear an liostú, agus dáta leis
- fótachóip den liostú i nuachtán laethúil iontaofa
- faisnéis ó sholáthraí seirbhíse fíoraithe leictreonaigh nó clárlann ar líne atá iontaofa

I gcás fochuideachta de chuideachta liostaithe, beidh fianaise ag teastáil ó dhlíodóirí ar an gcaidreamh idir an mháthairchuideachta agus an fhochuideachta, mar shampla:

- an tuairisceán bliantúil deiridh a chomhdaigh an fhochuideachta
- nóta sna cuntais iniúchta is déanaí den mháthairchuideachta nó den fhochuideachta
- faisnéis ó sholáthraí seirbhíse fíoraithe leictreonaigh nó clárlann ar líne atá iontaofa
- faisnéis ó thuarascálacha a d'fhoilsigh an mháthairchuideachta, lena n-áirítear óna suíomh gréasáin

I gcás ina bhfuil dlíodóirí ag gníomhú thar ceann na máthairchuideachta cheana féin, féadfaidh dlíodóirí féachaint ar chomhad CDD an chliaint atá ann cheana chun sonraí don fhochuideachta

a fhíorú, ar choinníoll gur sainaithníodh an cliant atá ann cheana i gcomhréir le caighdeáin na treorach.

D'fhéadfadh fíorú breise a bheith de dhíth mura bhfuil an chuideachta liostaithe ar mhargadh rialáilte, mar a leanas:

- cuardach ar an gclárlann cuideachtaí ábhartha
- cóip de dheimhniú corpraithe na cuideachta
- cuntais iniúchta chomhdaithe
- faisnéis ó sholáthraí seirbhíse fíoraithe leictreonaigh iontaofa

I gcás ina bhfuil aithne mhaith ar chuideachta mór le rá, féadfaidh dlíodóirí a mheas nach bhfuil ach riosca íseal sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta ann agus féadfaidh siad bearta CDD a chur i bhfeidhm ar bhealach atá comhréireach leis an riosca sin.

Ba cheart an cineál céanna doiciméadachta agus fíoraithe a lorg i gcás cuideachta atá cláraithe lasmuigh den Aontas Eorpach. Is léir go bhféadfadh riosca níos mó a bheith ann, agus b'fhéidir gur mhian leis an dlíodóir breithniú a dhéanamh go ndéanfadh duine san earnáil rialáilte nó gairmí eile ar féidir a chéannacht a sheiceáil i gclár gairmiúil na doiciméid a dheimhniú.

Iontaobhais

Sonraítear le hAirteagal 31 den treoir nach maidir le hiontaobhais amháin a bheidh feidhm ag na forálacha maidir le hiontaobhais ach go mbeidh feidhm ag na forálacha sin freisin maidir le 'cineálacha áirithe Treuhand nó fideicomiso, i gcás ina bhfuil struchtúr nó feidhmeanna atá comhchosúil le hiontaobhais ag na comhshocruithe sin. Sainaithneoidh na Ballstáit na saintréithe chun a chinneadh an bhfuil struchtúr nó feidhmeanna ag socruithe dlíthiúla atá comhchosúil le hiontaobhais i dtaca le comhshocruithe dlíthiúla den sórt sin a rialaítear faoina ndlí.' Dá bhrí sin, beidh ar dhlíodóirí a sheiceáil an ann d'iontaobhais nó do chomhshocruithe dlíthiúla atá comhchosúil le hiontaobhais a sainaithnítear ina mBallstát iad.

Sainítear le hAirteagal 3(6) – féach 'Úinéireacht thairbhiúil' thíos – liosta de na húinéirí tairbhiúla i gcás iontaobhas. Faoi choincheap an iontaobhas sa dlí coiteann, níl aon phearsantacht dhlítheanach ag iontaobhas agus dá bhrí sin ní fhéadfaidh sé a bheith ina chliant ann féin. Féadfaidh ceann de na páirtithe a shainaithnítear faoi Airteagal 3(6) a bheith ina chliant, amhail:

- an socraitheoir
- an t-iontaobhaí/na hiontaobhaithe
- an cosantóra/na cosantóirí nó
- aon cheann amháin nó níos mó de na tairbhithe

Nuair a chinntear cé acu de na grúpaí sin atá ina chliant nó ina gcliaint, socrófar cé ina leith a bhfuil dualgas cúraim ar an dlíodóir agus cé a thairbheoidh den chomhairle.

ÚINÉIREACTH THAIRBHIÚIL

Sainmhínítear le hAirteagal 3(6) a bhfuil i gceist le húinéir tairbhiúil, rud atá ríthábhachtach do gach a leanann:

Airteagal 3

(6) ciallaíonn ‘úinéir tairbhiúil’ aon duine/daoine nádúrtha ag a bhfuil úinéireacht nó rialú ar an gcustaiméir agus/nó ar an duine/daoine nádúrtha ar ar a son a dhéantar idirbheart nó gníomhaíocht agus a fholáíonn ar a laghad:

(a) i gcás eintitis chorparáideacha:

(i) an duine/na daoine nádúrtha ag a bhfuil eintiteas dlíthiúil ar úinéireacht nó faoina rialú trí úinéireacht dhíreach nó indíreach ar chéatadán leordhóthanach de na scaireanna nó na cearta vótála nó úinéireachta san eintiteas sin, lena n-áirítear trí scairshealbhuithe iompróra, nó trí rialú trí mheáin eile, seachas cuideachta a liostaítear ar mhargadh rialáilte atá faoi réir na gceanglas nochta atá comhsheasmhach le dlí an Aontais nó faoi réir caighdeáin idirnáisiúnta comhionanna lena n-áirítear trédhearcacht leordhóthanach ar fhaisnéis úinéireachta.

Beidh scairshealbhú 25 % móide scair amháin nó leas úinéireachta is mó ná 25 % sa chustaiméir atá i seilbh duine nádúrtha ina léiriú ar úinéireacht dhíreach. Beidh scairshealbhú 25 % móide scair amháin nó leas úinéireachta de níos mó ná 25 % sa chustaiméir atá i seilbh eintiteas corparáideach, atá faoi rialú duine/daoine nádúrtha nó ag eintitis chorparáideacha éagsúla atá faoi rialú an duine/na ndaoine nádúrtha céanna ina léiriú ar úinéireacht indíreach. Beidh feidhm aige seo gan dochar do cheart na mBallstát a chinneadh go bhféadfaidh céatadán níos ísle a bheith ina léiriú ar úinéireacht nó ar rialú. Féadfar rialú trí mheáin eile a chinneadh, inter alia, de réir na gcritéar in Airteagal 22(1) go (5) de Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

(ii) más rud é, tar éis gach slí is féidir a ídiú agus ar choinníoll nach mbeidh aon chúis ann d’amhras, nach n-aithneofar aon duine faoi phointe (i), nó má tá aon amhras ann gurb é an duine/na daoine atá ainmnithe an t-úinéir tairbhiúil/na húinéirí tairbhiúla, an duine/na daoine ag a bhfuil seasamh oifigeach bainistíochta sinsearach, coimeádfaidh na heintitis atá faoi oibleagáid taifid ar na gníomhaíochtaí a rinneadh chun an úinéireacht thairbhiúil a shainaithint faoi phointe (i) agus faoin bpointe seo;

(b) i gcás iontaobhas, na daoine seo a leanas go léir:

(i) an socraitheoir/na socraitheoirí;

(ii) an t-iontaobhaí/na hiontaobhaithe;

(iii) an cosantóir/na cosantóirí, más ann dó/dóibh;

(iv) na tairbhíthe; nó i gcás ina mbeidh na daoine aonair a thairbhíonn den socrú dlíthiúil nó den eintiteas dlíthiúil fós le cinneadh, an aicme daoine arb ina bpríomhleas a bhunaítear nó a oibrítear an socrú dlíthiúil nó an t-eintiteas dlíthiúil;

(v) aon duine nádúrtha eile a fheidhmíonn rialú deiridh ar an iontaobhas trí úinéireacht dhíreach nó neamhdhíreach nó ar mhodhanna eile;

(c) i gcás eintitis dhlíthiúla amhail fondúireachtaí, agus socruithe dlíthiúla cosúil le hiontaobhais, an duine/na daoine nádúrtha ag a bhfuil seasamh coibhéiseach nó comhchosúil leis na daoine sin dá dtagraítear i bpointe (b);

Le hAirteagail 30 agus 31 den treoir, déileáiltear le húinéireacht thairbhiúil eintiteas éagsúil a d'fhéadfadh a bheith ina gclaint ag gnóthas dlí, ar an mbonn gur tábhachtach do dhlíodóirí a thuiscint cé na daoine atá taobh thiar d'idirbheart ar leith i ndáiríre, beag beann ar an eintiteas a chuireann é féin i láthair mar an cliant.

Faoi Airteagal 30, ceanglaítear anois ar Bhallstáit cláir úinéireachta tairbhiúla a choinneáil ar bun a mbeidh rochtain ag dlíodóirí (i measc daoine eile) orthu. Ar ndóigh, ní bheidh sna cláir sin ach sonraí maidir le heintitis a chorpraítear san Aontas seachas lasmuigh de. Cé go bhfuil an clár féin éigeantach, níl aon cheanglas ann maidir le gnéithe eile, mar shampla cibé acu a ghearrfar nó nach gearrfar táille ar fhaisnéis ón gclár, nó cibé acu a bheadh nó nach mbeadh an t-úinéir tairbhiúil faoi réir rioscaí tromchúiseacha mar thoradh ar nochtadh faisnéise áirithe.

Cuirtear i dtábhacht le hAirteagal 30(8) freisin go gciallaíonn cur chuige rioscabhunaithe nár cheart do dhlíodóir a bheith ag brath ar fhaisnéis ón gclár agus uirthi sin amháin.

Tríd is tríd, cibé acu atá an t-eintiteas ionchorpraithe san Aontas nó lasmuigh de, is é seo a leanas an cineál faisnéise a bheidh de dhíth ar dhlíodóir ó eintiteas is cliant:

- ainm an eintitis, a áit chláraithe, a uimhir chláraithe, a oifig chláraithe, agus príomháit a ghnó
- ainmneacha an bhoird stiúrthóirí nó chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta choibhéisigh
- na daoine sinsearacha atá freagrach as na hoibríochtaí
- an dlí a bhfuil an t-eintiteas faoina réir
- na húinéirí dlíthiúla
- na húinéirí tairbhiúla, lena n-áirítear trí scaireanna, cearta vótála, leas úinéireachta, scairshealbhuíthe iompróra, nó rialú trí mheáin eile
- na doiciméid rialála

Más rud é go dtagann athrú ar aon cheann de na sonraí thuas le linn an chaidrimh gnó, is léir gur cheart a chur ina luí ar an gcliant nach mór na hathruithe a chur in iúl don dlíodóir mar d'fhéadfaidís dul i bhfeidhm ar an measúnú riosca.

Le hAirteagal 31, déileáiltear le hiontaobhais agus cineálacha eile socruithe dlíthiúla amhail fiducie, cineálacha áirithe Treuhand nó fideicomiso, i gcás ina bhfuil struchtúr nó feidhmeanna atá comhchosúil le hiontaobhais ag na socruithe sin.

Áirítear an oibleagáid sin maidir le hiontaobhais laistigh den Aontas Eorpach leis an dara mír d'Airteagal 31(1):

Airteagal 31 (1)

Ceanglóidh gach Ballstát go ndéanfaidh iontaobhaithe aon iontaobhais shainráite a bheidh á riar sa Bhallstát sin faisnéis leordhóthanach, chruinn agus chothrom le dáta a fháil agus a shealbhú maidir leis an úinéireacht tairbhiúil i leith an iontaobhais. Áireofar leis an bhfaisnéis sin céannacht na ndaoine seo a leanas:

- (a) an socraitheoir (na socraitheoirí);*
- (b) an t-iontaobhaí (na hiontaobhaithe);*
- (c) an chosantóra (na gcosantóirí) (más ann dóibh);*
- (d) na dtairbheoirí nó aicme na dtairbheoirí;*
- (e) aon duine nádúrtha eile a bhfuil rialú éifeachtach ar an iontaobhas á fheidhmiú aige.*

Tá an fhaisnéis sin le háireamh freisin i gclár úinéireachta tairbhiúla an Bhallstáit ina bhfuil cónaí ar an iontaobhaí (nó a chomhionann) nó ina bhfuil sé bunaithe. Má tá an t-iontaobhaí (nó a chomhionann) bunaithe lasmuigh den Aontas Eorpach áfach, ní mór an fhaisnéis a áireamh i gclár úinéireachta tairbhiúla an Bhallstáit ina ndéanann an t-iontaobhaí (nó a chomhionann) caidreamh gnó nó ina bhfaigheann sé maoin réadach in ainm an iontaobhais.

Tá feidhm ag na coinníollacha céanna go léir maidir le rochtain ar an bhfaisnéis mar a luaitear thuas i ndáil leis an gclár úinéireachta tairbhiúla, lena n-áirítear go gciallaíonn cur chuige rioscabhunaithe nár cheart do dhlíodóir a bheith ag brath ar fhaisnéis ón gclár agus uirthi sin amháin.

An méid faisnéise ar cheart do dhlíodóir a fháil ón gcliant, braithfidh sé ar an ról atá ag an dlíodóir sin. Más rud é go bhfuil an t-iontaobhas, an chuideachta nó an t-eintiteas dlítheanach eile á bhunú nó á riar ag an dlíodóir, nó má tá sé ag gníomhú mar iontaobhaí nó mar stiúrthóir den iontaobhas, den chuideachta nó d'eintiteas dlítheanach eile, ceanglaítear ar an dlíodóir an cuspóir ginearálta taobh thiar den struchtúr agus foinse na gcistí sa struchtúr a thuiscint, mar aon le bheith ábalta na húinéirí tairbhiúla agus na daoine rialúcháin a shainaithint.

Dlíodóir a sholáthraíonn seirbhísí eile (mar shampla gníomhú mar oifig chláraithe) d'iontaobhas, do chuideachta nó d'eintiteas dlítheanach eile, ceanglófar air faisnéis leordhóthanach a fháil le bheith ábalta na húinéirí tairbhiúla agus na daoine rialúcháin a shainaithint.

Dlíodóir nach bhfuil ag gníomhú mar iontaobhaí, féadfaidh sé, in imthosca iomchuí, brath ar achoimre a d'ullmhaigh gairmí dlí eile nó cuntasóir nó soláthraí seirbhísí d'iontaobhas nó do chuideachta nó ar shleachta ábhartha ón ngníomhas iontaobhais féin le cur ar a chumas don dlíodóir an socraitheoir, na hiontaobhaithe, an cosantóir (más ann dó), na tairbhíthe nó na daoine nádúrtha a fheidhmíonn rialú éifeachtach a shainaithint.

Is léir gur gá a bheith cúramach i rith an phróisis CDD maidir le húinéir tairbhiúil. D'fhéadfadh an cliant, mar shampla, a bheith ina ghníomhaire trí chumhacht aturnae nó i gcáil riarthóra féimheachta. Ba cheart do dhlíodóirí a bheith ar an eolas go bhféadfadh sé tarlú go mbainfí úsáid as caidrimh ghníomhaireachta atá á maíomh chun calaois a éascú.

Moltar cur chuige comhréireach a ghlacadh. Mar shampla, i gcás cuideachta chasta, bheadh sé díréireach cuardaigh neamhspleácha a dhéanamh thar níos mó ná eintiteas amháin ar níos mó ná sraith amháin de shlabhra corparáideach le fáil amach cibé acu a éiríonn nó nach n-éiríonn le duine, trí leasanna an-bheag in eintitis éagsúla a charnadh, níos mó ná leas 25 faoin gcéad a bhaint amach in eintiteas corparáideach an chliant. Ina áit sin, ní mór do dhlíodóirí a bheith sásta go bhfuil tuiscint fhoriomlán acu ar struchtúr úinéireachta agus rialaithe na cliantchuideachta.

Tá forálacha in Airteagail 30 agus 31 araon lena gceanglaítear tuairisciú neamhréireachta, rud a fhágann go bhfuil ceanglas ar eintitis faoi oibleagáid tuairisc a dhéanamh ar aon neamhréir a fhaigheann siad idir an fhaisnéis maidir le húinéireacht tairbhiúil atá ar fáil sna cláir lárnacha agus an fhaisnéis maidir le húinéireacht tairbhiúil atá ar fáil dóibh mar eintitis faoi oibleagáid. Tá feidhm aige sin maidir le faisnéis ar chláir cuideachtaí agus ar chláir úinéireachta tairbhiúla eile.

Níl aon dualgas ann neamhréireachtaí den sórt sin a lorg go gníomhach, agus níl feidhm ag an dualgas ach an oiread i gcás ina bhfuil an fhaisnéis faoi réir na rúndachta idir dlíodóir agus cliant nó i gcás nach neamhréireacht ábhartha atá ann (mar shampla ceannlitir seachas ainm iomlán in ionad an dara hainm). Féadfar an neamhréireacht a thuairisciú don chliant ar dtús le cur ar a chumas don chliant an neamhréireacht a leasú go tapa. Má ghlactar cinneadh gan neamhréireacht a thuairisciú, mar shampla toisc nach neamhréireacht ábhartha atá ann, moltar mar sin féin taifead a choimeád ar an ngníomh a glacadh.

TRÍÚ TÍORTHA ARDRIOSCA

Tá teoracha mionsonraithe in Airteagal 18a den treoir maidir le conas is ceart déileáil le cliant ó thríú tíortha ardriosca. Tá sainordú ag an gCoimisiún na tíortha sin a shainaithint a bhfuil easnaimh straitéiseacha ina gcóras maidir le frithsciúradh airgid agus frithmhaoiniú sceimhlitheoireachta, d'fhonn sláine chóras airgeadais an Aontais a chosaint. Cuireadh [an liosta is déanaí](#) i dtoll a chéile an 7 Bealtaine 2020. Tá na tíortha ar an liosta sin le fáil in larscríbhinn 1.

Is léir gur toisc mhór iad tosca riosca tíre sa mheasúnú riosca foriomlán. Os a choinne sin, i gcás ina bhfuil cliant nó úinéirí tairbhiúla cliant lonnaithe i ndlínsí ísealriosca nó ina bhfeidhmíonn siad gnó sna dlínsí sin, ba cheart é sin a léiriú i measúnú riosca freisin.

Ba cheart do dhlíodóirí a thabhairt dá n-aire go bhféadfadh dlínsí eile a bheith ann lena mbaineann riosca ard sciúrtha airgid nach bhfuil ar liosta 'na dtríú tíortha ardriosca' ag an gCoimisiún Eorpach. Mar shampla, d'fhéadfadh na haicmithe maidir le héilliú arna soláthar ag Transparency International (eagraíocht neamhrialtasach dhomhanda a bhíonn ag troid in aghaidh an éillithe) agus tuarascálacha a chuireann an Banc Domhanda i dtoll a chéile gach bliain a bheith ina n-acmhainní úsáideacha eile.

Anuas air sin, cé go mbaineann an roinn seo le tíortha ar an liosta ardriosca, d'fhéadfadh tíortha, daoine aonair nó grúpaí a bheith ann atá faoi réir 'smachtbhannaí, trádbhac nó bearta dá samhail' mar a luaitear in (3) d'larscríbhinn III, a mbeidh gá le EDD ina leith freisin. Coimeádann an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe liostaí den sórt sin, agus d'fhéadfadh sé go gcoimeádann Ballstáit ar leith iad freisin.

Maidir leis na tosca breise a leagtar amach in Airteagal 18a le haghaidh EDD ar thríú tíortha ardriosca, dírithear go príomha ar an bhfaisnéis bhreise ón gcliant a bhíonn de dhíth, agus ar fhaireachán breise ar an gcaidreamh.

DAOINE ATÁ FAOI RITEACTH PHOLAITIÚIL (PEPANNA)

Tugtar an sainmhíniú ar dhuine atá faoi riteacht pholaitiúil in Airteagal 3(9) den treoir:

Airteagal 3

(9) ciallaíonn 'duine atá faoi riteacht pholaitiúil' duine nádúrtha a gcuirtear nó ar cuireadh feidhmeanna poiblí suntasacha de chúram air agus folaítear leis an méid seo a leanas:

(a) cinn Stáit, cinn rialtais, airí agus leasairí nó airí cúnta;

(b) comhaltaí parlaiminte nó comhlachtaí reachtacha comhchosúla;

(c) comhaltaí comhlachtaí rialaithe na bpáirtithe polaitiúla;

(d) comhaltaí cúirteanna uachtaracha, cúirteanna bunreachtúla nó comhlachtaí breithiúnacha eile ardleibhéil, nach bhfuil na cinní sin faoi réir achomhairc eile, ach amháin i gcúinsí eisceachtúla;

(e) comhaltaí cúirteanna iniúchóirí nó bhord na mbanc ceannais;

(f) ambasadóirí, chargés d'affaires agus oifigigh ardaicme sna fórsaí armtha;

(g) comhaltaí comhlachtaí riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta d'fhiontair faoi úinéireacht an Stáit;

(h) stiúrthóirí, leas-stiúrthóirí agus comhaltaí an bhoird nó feidhm chomhionann d'eagraíocht idirnáisiúnta.

Ní thuigfear maidir le aon fheidhm phoiblí dá dtagraítear i bpointí (a) go (h) go bhfuil oifigigh láraicme nó níos sóisearaí á gcumhdach aici

Tá béim ar dhaoine atá faoi riteacht pholaitiúil (PEPanna) mar tá imní ar Bhallstáit na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD) gur bhain PEPanna leas as a staid pholaitiúil chun iad féin a shaibhriú ar bhealach calaoiseach. Beidh caidreamh PEP ann freisin i gcás inarb é PEP úinéir tairbhiúil cliant agus i gcás inarb é ball teaghlach nó dlúthchomhlach le PEP cliant nó a úinéir tairbhiúil. Sainmhínítear baill teaghlaigh agus dlúthchomhlaigh mar a leanas sa treoir freisin:

Airteagal 3

(10) folaíonn ‘baill teaghlaigh’ an méid seo a leanas:

(a) céile, nó duine a mheastar a bheith comhionann le céile, duine atá faoi riteacht pholaitiúil;

(b) páistí agus a gcéilí, nó duine a mheastar a bheith comhionann le céile, duine atá faoi riteacht pholaitiúil;

(c) tuismitheoirí duine atá faoi riteacht pholaitiúil;

(11) ciallaíonn ‘daoine is eol is dlúthchomhlaigh’:

(a) daoine nádúrtha is eol a bhfuil comhúinéireacht thairbhiúil acu ar eintitis dhlíthiúla nó ar shocrúithe dlíthiúla, nó ar aon chaidreamh gnó dlúth eile, le duine atá faoi riteacht pholaitiúil;

(b) daoine nádúrtha a bhfuil úinéireacht thairbhiúil aonair acu ar eintiteas dlíthiúil nó ar shocrú dlíthiúil is eol a bheith curtha ar bun le haghaidh tairbhe de facto duine atá faoi riteacht pholaitiúil.

Leagtar amach le hAirteagal 20 den treoir na bearta speisialta EDD ar cheart do dhlíodóir a ghlacadh maidir le PEP:

(1) córais chuí bainistíochta riosca a bheith i bhfeidhm, lena n-áirítear nósanna imeachta rioscabhunaithe, chun a chinneadh an PEP é an cliant nó úinéir tairbhiúil an chliant

Ní gá do dhlíodóirí imscrúduithe fairsinge a dhéanamh chun a chinneadh cibé acu an PEP é duine nó nach ea. Is leor aird a thabhairt ar an bhfaisnéis atá i seilbh an dlíodóra nó atá ar eolas go poiblí. Úsáideann go leor gnóthais dlí seirbhísí síntiúsóra lena féidir seiceáil a dhéanamh i mbunachair sonraí PEP. Maidir leis an ngníomh atá le glacadh, braitheann sé ar mheasúnú riosca foriomlán chleachtas an dlíodóra.

Ós rud é gurb ann do réimse mór PEPanna ar fud an domhain agus go bhfuil sé ag athrú de shíor, is ann do bhuntáscairí áirithe lena bhféadfaí fianaise a sholáthar, mar a leanas:

- faigheann an dlíodóir cistí ó chuntas rialtais
- comhfhreagras ar pháipéar ceannchlóite ón gcliant nó ó dhuine gaolmhar
- tuairiscí nuachta agus cuardaigh idirlín

Ní gá do dhlíodóirí ach an oiread imscrúdú gníomhach a dhéanamh le fáil amach an PEPanna iad úinéirí tairbhiúla cliant. Mar sin féin, i gcás inarb eol gur PEP é úinéir tairbhiúil, ba cheart do dhlíodóirí a mbreithniú a dhéanamh, maidir le cur chuige rioscabhunaithe, cé na bearta breise, más ann dóibh, is gá a ghlacadh agus iad ag déileáil leis an gcliant.

- (2) formheas na bainistíochta sinsearaí a fháil chun caidreamh gnó a bhunú nó a leanúint le PEPanna

Sainmhínítear ‘bainistíocht shinsearach’ in Airteagal 3(12) mar ‘oifigeach nó fostaí ag a bhfuil eolas leordhóthanach ar nochtadh riosca na hinstiúide ar sciúradh airgid agus ar mhaoiniú sceimhlitheoireachta agus sinsearach leordhóthanach chun cinntí a dhéanamh a dhéanann difear dá nochtadh riosca’. Ní gá, i ngach cás, gur ball den choibhéis boird stiúrthóirí i ngnóthas dlí atá ann, mar sin d’fhéadfadh ceann díobh seo a leanas a bheith ann:

- ceann grúpa cleachtais
- comhpháirtí eile nach bhfuil baint aige leis an gcomhad áirithe sin
- an comhpháirtí atá i mbun maoirseachta ar an gcomhad áirithe sin
- an duine atá freagrach as comhlíontacht AML/CTF sa ghnóthas
- an comhpháirtí bainistíochta.

- (3) bearta leordhóthanacha a dhéanamh chun foinse an tsaibhris agus foinse na gcistí a bhaineann le caidreamh gnó nó idirbhearta le PEPanna a shuíomh;

Ní hionann ‘foinse cistí’ agus ‘foinse rachmais’. Baineann ‘foinse cistí’ leis an áit óna seoltar cistí an chliant, agus cén chaoi agus cé uaidh a bhfuair an cliant an t-airgead le bheith in ann é a sheoladh. Baineann ‘foinse rachmais’ leis an gcaoi ar tháinig rachmas iomlán nó sócmhainní foriomlána an chliant chun cinn – mar shampla trí oidhreacht, díol maoine, nó brabús ar infheistíocht. Tá an measúnú ar ‘foinse rachmais’ fíor-riachtanach le haghaidh mheasúnú AML/CTF.

Más eol gur PEP é an duine, d’fhéadfadh a leasanna airgeadais a bheith ar fáil ar chlár poiblí cheana féin.

I gcásanna eile, ba cheart gur leordhóthanach na ceisteanna a chuirtear ar chliant agus na céimeanna go léir a thaifeadadh mar is gnáth. Maidir leis an gcineál doiciméadachta a nglactar leis chun foinse cistí nó rachmais a fhíorú, ba cheart dó sin a bheith ag brath ar an leibhéal riosca maidir le sciúradh airgid/maoiniú sceimhlitheoireachta a bhaineann leis an gcliant. Dá airde an riosca, is ea is cuimsithí agus is iontaofa na doiciméid a bheidh ag teastáil ó dhlíodóir. I measc na gcineálacha doiciméad ar cheart iad a bhreithniú, tá: ráitis bhainc, uachtanna, duillíní pá iomlána, cuntais airgeadais iniúchta lena léirítear cistí a fócadh leis an gcliant, comhaontuithe díola/ceannaigh, admhálacha ar idirbhearta eile, cruthúnas ar ioncam ó scairchaipiteal, gníomhaíochtaí gnó, tiomnacht nó bronntanas.

D'fhéadfadh sé nach mbeadh i gceist le seiceáil a dhéanamh ar fhoinsí rachmais cliant ísealriosca nó meánriosca ach ceisteanna a chur agus na freagraí a thaifeadadh. Má thagann méadú ar an riosca, ba cheart go dtiocfadh méadú freisin ar an leibhéal ceisteanna agus ar an doiciméadacht a iarrtar.

Cé go gcuimhdaítear an chomhairle seo faoi cheannteideal a bhaineann le PEPanna anseo, ba cheart do dhlíodóirí cuimhneamh ar chloí leis an gcomhairle mar chuid d'aon fhaireachán leanúnach ar aon chaidreamh gnó, bíodh an caidreamh sin ar ardriosca nó eile. Mar a luadh thuas, is uirlis phraiticiúil úsáideach é seiceáil a dhéanamh ar fhoinsí cistí chun cleachtas gnóthais dlí a chosaint go ginearálta.

(4) iompar feabhsaithe, faireachán leanúnach ar na caidrimh ghnó sin.

D'úsáidfí an cineál faireacháin fheabhsaithe, mar shampla, lena áirithiú go seoltar cistí a íocann an cliant ón gciste ainmnithe agus go bhfuil siad ar mhéid atá i gcomhréir le rachmas an chliant atá ar eolas. Murab amhlaidh atá, is gá ceisteanna breise a chur.

CLIAINT NACH CLIAINT AGHAIDH AR AGHAIDH IAD

Más duine nádúrtha atá sa chliant agus mura bhfuil sé i láthair go fisiciúil chun críoch sainaitheantais, is toisc é sin atá le cur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar an leibhéal riosca sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta, agus maidir le fairsinge aon bheart EDD mar thoradh air sin.

I gcás cliant nach duine nádúrtha é, is léir nach féidir leis a bheith i láthair go fisiciúil chun críoch sainaitheantais agus go ndéanfaidh gníomhaire ionadaíocht ar a shon. Bíodh is gur toisc riosca é easpa cruinnithe aghaidh ar aghaidh le gníomhairí cliant den sórt sin, ní thuigtear leis sin gur gá EDD a dhéanamh go huathoibríoch. Ní mór measúnú a dhéanamh ar an riosca foriomlán.

BRATACHA DEARGA

Anuas ar na catagóirí aitheanta thuas, is ann d'imthosca éagsúla ar cheart do dhlíodóirí a bheith san airdeall fúthu. Bratacha dearga a thugtar orthu sin go hiondúil.

Arís, déantar iad sin a roinnt sna trí chatagóir a luadh cheana: cliant; idirbheart; agus geografaíocht. Roghnaíodh na samplaí seo a leanas ó '[A lawyer's guide to detecting and preventing money laundering](#)', a d'fhoilsigh CCBE, International Bar Association (IBA) agus American Bar Association (ABA) in 2014. Is fiú go mór an saothar a léamh ina iomláine mar tugtar liostaí bratach dearg ann. Tá samplaí geografaíochta le fáil sa chuid roimhe seo faoi thríú tíortha ardriosca.

Cliant

- úsáid idirghabhálaithe gan cúis mhaith leis

- seachaint teagmhála pearsanta gan cúis mhaith leis
- drogall faisnéis, sonraí agus doiciméid a nochtadh a bhfuil gá leo le gur féidir an t-idirbheart a fheidhmiú
- úsáid doiciméadachta atá bréagach nó góchumtha
- is eintiteas gnó é an cliant nach féidir teacht air ar an idirlíon
- tá an cliant níos eolaí ná mar is gnách ar na gnáthchaighdeáin dá bhforáiltear sa dlí maidir le sainaithint shásúil custaiméara, iontrálacha sonraí agus STRanna, nó cuireann sé go leor ceisteanna maidir le nósanna imeachta gaolmhara
- tá nasc idir na páirtithe gan cúis ghnó shoiléir nó tá siad ar aois neamhghnách chun idirbheart a fheidhmiú
ní hionann na páirtithe agus na daoine atá ag stiúradh na hoibríochta iarbhr

Idirbheart

- easpa míniú maith ar úsáid airgid thirim
- tá an fhoinsé cistí neamhghnách, mar shampla roinnt cuntais bhainc éagsúla, cuntais bhainc eachtracha, aistriú trí thír ar riosca níos airde
- gan míniú maith ar thréimhse aisíoca níos giorra ná mar is gnách nó morgáistí a bheith á n-aisíoc arís agus arís eile i bhfad roimh an dáta aibíochta a comhaontaíodh ar dtús
- gan míniú maith ar phraghas an-ard nó an-íseal ar shócmhainní atá á n-aistriú
- gan míniú maith ar idirbheart mór airgeadais, go háirithe má d'iarr cuideachta a cruthaíodh go gairid roimhe sin an t-idirbheart, nuair nach bhfuil údar leis ó thaobh chuspóir corparáideach nó ghníomhaíocht an chliaint de
- tá an fhoinsé cistí neamhghnách mar thoradh ar chistiú tríú páirtí le haghaidh an idirbhirt féin nó le haghaidh táillí/cánacha gan aon nasc soiléir eatarthu

Geografaíocht

- tíortha/limistéir a shainaithníonn foinsí inchreidte mar thíortha/limistéir a chuireann maoiniú nó tacaíocht do ghníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta ar fáil nó ag a bhfuil eagraíochtaí sceimhlitheoireachta ag feidhmiú taobh istigh díobh

- tíortha a shainaithníonn foinsí inchreidte go bhfuil leibhéal arda coireachta eagraithe, éillithe, nó gníomhaíochta coiriúla eile acu, lena n-áirítear tíortha tionscnaimh nó idirthurais le haghaidh drugaí aindleathacha, gáinneáil ar dhaoine, agus smuigleáil agus cearrbhachas neamhdhlíthiúil
- tíortha faoi réir smachtbhannaí, trádbhac nó bearta dá samhail arna n-eisiúint, mar shampla, ag eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail an tAontas Eorpach nó na Náisiúin Aontaithe
- tíortha a shainaithníonn foinsí inchreidte go bhfuil rialachas lag, forfheidhmiú lag an dlí, agus córais rialála laga acu, lena n-áirítear tíortha a shainaithnítear i ráitis FATF go bhfuil córais laga AML/CTF acu, agus i ndáil leis na hinstiúidí airgeadais sin ar cheart dóibh aird ar leith a thabhairt do chaidrimh ghnó agus d'idirbhearta

ÚSÁID NA TEICNEOLAÍOCHTA

Féadfaidh dlíodóirí úsáid a bhaint as réitigh theicneolaíochta le haghaidh a n-oibleagáidí CDD mar a leanas:

- meáin leictreonacha chun céannacht duine aonair a fhóru
- seiceálaithe clárlainne corparáidí agus úinéireachta tairbhiúla
- uirlisí leictreonacha chun cliant a scagadh in aghaidh comhaid faireachais ó thaobh smachtbhannaí, PEP agus tuairiscí neamhfhabhracha sna meáin de

Ní scaoiltear dlíodóirí ón bhfreagracht phearsanta trí úsáid den sórt sin a bhaint as an teicneolaíocht, mar beidh an fhreagracht sin ar an dlíodóir ar feadh an phróisis. Dá bhrí sin, ba cheart oiliúint iomchuí a bheith ar bhaill foirne na ndlíodóirí a bhaineann úsáid as na huirlisí, agus ba cheart do na dlíodóirí féin tuiscint dhomhain a fhorbairt ar an gcaoi a bhfeidhmíonn na huirlisí.

D'fhéadfaí acmhainní gnóthais a spáráil ach meáin leictreonacha a úsáid chun an chéannacht a fhóru, agus d'fhéadfadh sé a bheith chomh slán céanna, nó níos sláine fiú, ná doiciméid thraidisiúnta ar pháipéar. Mar sin féin, ba cheart do dhlíodóirí a bheith ar an airdeall maidir le rioscaí áirithe:

- cibearshlándáil agus slándáil sonraí
- calaois
- earráid dhaonna a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar earráid ionchuir
- leibhéal an riosca a bhaineann leis an gcliant nó leis an idirbheart

- an gá ceangal a dhéanamh idir an cliant atá ann agus an chéannacht leictreonach a fuarthas
- déanaíocht, iontaofacht agus iomadúlacht na bhfoinsí a úsáideann an soláthraí leictreonach
- iontaofacht, neamhspleáchas agus trédhearcacht an tsoláthraí, agus cibé acu an údarás poiblí nó mar chuid de scéim phoiblí a dheimhnítear é, cibé acu atá nó nach bhfuil sé ina bhall de chomhlacht tionscail aitheanta, agus cibé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann sé caighdeáin idirnáisiúnta aitheanta sa réimse

I gcás ina ndéileáiltear le clárlanna corparáideacha agus seiceálaithe úinéirí tairbhiúla, ba cheart don leibhéal riosca a chinneadh ar gá fianaise neamhspleách a lorg, ó tharla go ndéantar clárlanna den sórt sin a thiomsú go hiondúil le sonraí ó na heintitis féin. D'fhéadfadh sé tarlú freisin nach bhfuil pictiúr iomlán san fhaisnéis chláraithe, agus ba cheart aird a thabhairt ar a mhinice is gá an fhaisnéis a athnuachan.

Maidir le cliant a scagadh in aghaidh smachtbhannaí, PEP agus tuairiscí neamhfhabhracha sna meáin, beidh an leibhéal riosca ina thoisc chinntitheach. Maidir le cásanna nó cleachtais ar riosca níos ísle, d'fhéadfadh réitigh atá saor in aisce nó le ceannach mar atá a bheith inghlactha. Maidir le cásanna ar riosca níos airde, ba cheart aird a thabhairt ar fhairsinge an scagtha (mar shampla úinéirí tairbhiúla, stiúrthóirí cuideachta), a mhinicíocht agus iontaofacht na gcóras a úsáidtear i dtéarmaí ionchuir, aois na faisnéise agus iomláine na sonraí. Maidir le hainmneacha agus tacair sonraí eile ina bhfuil mionathruithe amhail ord cúlaitheach, cuid den téacs agus giorrúcháin, nó iad sin nach scríobhtar in aibítir nach aibítir Laidineach í, ar nós carachtair Shínise nó sonraí cóid tráchtála, ba cheart d'uirlis scagtha cheart a bheith in ann iad sin a scagadh agus a shainaithint.

OIBLEAGÁIDÍ TUAIRISCITHE

Réamhrá

Tá tuairisciú idirbheart amhrasach ag croílár an chórais AML/CTF a bhunaítear leis an treoir. Le hAirteagal 33 a leagtar síos an phríomhoibleagáid:

Airteagal 33

1. Ceanglóidh na Ballstáit ar eintitis faoi oibleagáid, agus, i gcás inarb iomchuí, ar a stiúrthóirí agus ar a bhfostaithe, oibriú i gcomhar le chéile go hiomlán trí na nithe seo a leanas a dhéanamh go pras:

(a) an FIU a chur ar an eolas, lena n-áirítear trí thuarascáil a chomhdú, ar a dtionscnamh féin, i gcás go mbeidh a fhios ag an eintiteas faoi oibleagáid, go bhfuil amhras air nó go bhfuil forais réasúnta aige amhras a bheith air, gur fáltais ó ghníomhaíocht choiriúil iad cistí, is cuma an

méid atá i gceist, nó go bhfuil baint acu le maoiniú sceimhlitheoireachta, agus trí freagairt go pras ar iarraidh ón FIU ar fhaisnéis bhreise sna cásanna sin; agus

(b) an fhaisnéis go léir is gá a sholáthar go díreach do FIU, arna hiarraidh sin dó.

Déanfar gach idirbheart amhrasach, lena n-áirítear iarrachtaí ar idirbhearta, a thuairisciú.

Is ann d'fhorálacha speisialta maidir le dlíodóirí, a thagann faoi chuimsiú phointe 3(b) d'Airteagal 2(1), mar a leanas:

Airteagal 34

1. De mhaolú ar Airteagal 33(1), féadfaidh na Ballstáit, i gcás eintitis faoi oibleagáid dá dtagraítear i bpointe (3)(a), (b) agus (d) d'Airteagal 2(1), comhlacht féinrialála iomchuí de chuid na gairme lena mbaineann a ainmniú mar an t-údarás a gheobhaidh an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 33(1).

Gan dochar do mhír 2, déanfaidh an comhlacht féinrialála ainmnithe, i gcásanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, an fhaisnéis a chur ar aghaidh chuig an FIU go pras agus gan scagadh.

2. Ní chuirfidh na Ballstáit na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 33(1) ar nótaireí, ar ghairmithe dlí neamhspleácha, ar iniúcháirí, ar chuntasóirí seachtracha agus ar chomhairleoirí cánach ach amháin a mhéid a bhaineann an díolúine sin le faisnéis a fhaigheann siad ó chliant leo nó a fhaigheann siad faoi chliant leo, le linn dóibh staid dhlíthiúil a gcliant a fhionnadh, nó an cúram a dhéanamh chun an cliant a chosaint nó ionadaíocht a dhéanamh air nó maidir le himeachtaí breithiúnacha, lena n-áirítear comhairle a sholáthar chun na himeachtaí sin a thionscnamh nó a sheachaint, is cuma an bhfaightear an fhaisnéis sin roimh na himeachtaí sin, lena linn nó ina ndiaidh.

Go hachomair, leis an dá fhoráil sin, ceanglaítear ar dhlíodóir an tAonad náisiúnta um Fhaisnéis Airgeadais a chur ar an eolas i gcás ina mbeidh a fhios ag an dlíodóir, go bhfuil amhras air nó go bhfuil forais réasúnta aige amhras a bheith air, gur fáлтаis ó ghníomhaíocht choiriúil iad na cistí ar cuid den idirbheart iad, nó go mbaineann siad leis an maoiniú sceimhlitheoireachta. Féadfaidh na Ballstáit ceadú do na Barraí an dualgas tuairiscithe a ghlacadh, agus tharla a leithéid i mBallstáit áirithe. Díolmhaítear dlíodóirí ón tuairisciú in imthosca atá teoranta go docht – nuair a bheidh staid dhlíthiúil a gcliant á fionnadh acu nó nuair a bheidh an cliant á chosaint acu nó nuair a bheidh ionadaíocht á déanamh acu ar a shon in imeachtaí breithiúnacha.

Níl an dlíodóir in ainm leanúint de ghníomhú thar ceann an chliant tar éis tuairisc ar idirbheart amhrasach a dhéanamh leis an Aonad um Fhaisnéis Airgeadais, ach amháin in imthosca an-teoranta:

Airteagal 35

1. Ceanglóidh na Ballstáit ar eintitis faoi oibleagáid gan idirbhearta a dhéanamh a bhfuil a fhios acu nó a bhfuil amhras orthu ina leith go bhfuil baint acu le fáлтаis ó ghníomhaíocht choiriúil nó le maoiniú sceimhlitheoireachta go dtí go mbeidh an gníomh is gá críochnaithe acu i gcomhréir le

pointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 33(1) agus go mbeidh treoracha sonracha breise ar bith eile ón FIU nó ó na húdaráis inniúla comhlánaithe acu i gcomhréir le dlí an Bhallstáit ábhartha.

2. I gcás go mbeidh staonadh ó na hidirbhearta dá dtagraítear i mír 1 dodhéanta nó i gcás go gcuirfidh sé sin bac ar iarrachtaí chun dul sa tóir ar thairbhíthe oibríochta amhrasta, cuirfidh na heintitis faoi oibleagáid é sin in iúl don FIU díreach ina dhiaidh sin.

Ar deireadh, is léir gur cheart don dlíodóir eolas a chur ar na nósanna imeachta náisiúnta chun tuairiscí ar idirbheart amhrasach a sheoladh chuig an Aonad um Fhaisnéis Airgeadais.

Sa roinn thíos maidir le rúndacht idir dlíodóirí agus cliant, tá plé ar an gcaidreamh idir na hoibleagáidí tuairiscithe sin, lena n-áirítear an cosc ar leid a thabhairt a phléitear as féin thíos, agus pléitear an rúndacht idir dlíodóirí agus cliant.

Leid a thabhairt

Tá gné amháin de na hoibleagáidí tuairiscithe an-tábhachtach ar fad do dhlíodóirí, agus is é sin an fhoráil in aghaidh leid a thabhairt in Airteagal 39:

Airteagal 39

1. Ní nochtfaidh eintitis faoi oibleagáid agus a stiúrthóirí agus a bhfostaithe don chustaiméir lena mbaineann nó d'aon tríú duine go bhfuil an fhaisnéis á tarchur, go mbeidh an fhaisnéis á tarchur nó go bhfuil sí tarchurtha i gcomhréir le hAirteagal 33 nó le hAirteagal 34 nó go bhfuil anailís ar sciúradh airgid nó ar mhaoiniú sceimhlitheoireachta á déanamh nó go bhféadfar í a dhéanamh.

I bhfocail eile, tá cosc ar dhlíodóir eolas a thabhairt don chliant maidir le tuairisc ar idirbheart amhrasach a rinne an dlíodóir leis an Aonad um Fhaisnéis Airgeadais. Is ann do smachtbhannaí dóibh siúd a sháraíonn na ceanglais sin (féach thíos). Mar sin féin, tá eisceacht amháin leis an riail ghinearálta sin faoi Airteagal 39(6):

Airteagal 39

6. I gcás go bhféachfaidh na heintitis faoi oibleagáid dá dtagraítear i bpointe 3(a) agus (b) d'Airteagal 2(1) le cliant a chur ó ghabháil do ghníomhaíocht mhídhleathach, ní hionann é agus nochtadh de réir bhrí mhír 1 den Airteagal seo.

I bhfocail eile, más rud é go bhfuil iarracht á déanamh ag dlíodóir cliant a chur ó ghabháil do ghníomhaíocht sciúrtha airgid, ní hionann é sin agus leid a thabhairt don chliant (fiú más rud é go bhféadfadh an cliant a cheapadh go bhfuil amhras ar an dlíodóir go bhféadfadh an t-idirbheart a bheith faoi smál an sciúrtha airgid). Is cosúil go bhfuil an dlíodóir faoi cheangal i gcónaí an tuairisc ar idirbheart amhrasach a dhéanamh, ach is féidir leis leanúint le hiarrachtaí chun an cliant a chur ó ghabháil do ghníomhaíocht mhídhleathach.

Ní fhorchuirtear le hAirteagal 39(6) oibleagáid dhlíthiúil ar dhlíodóir chun iarracht a dhéanamh cliant a chur ó ghabháil do ghníomhaíochtaí mídhleathacha. Agus é sin á chur san áireamh, b'fhéidir gur de réir an oird seo a leanas is fearr a thuigfí an caidreamh idir gníomhaíochtaí dlíodóirí in Airteagal 39(6) (an cliant a dhíchur ó ghabháil do ghníomhaíocht mhídhleathach) ar thaobh amháin, agus Airteagal 33 (dualgas chun tuairisc ar idirbheart amhrasach a dhéanamh)

agus Airteagal 35 (staonadh ó leanúint de ghníomhú) ar thaobh eile. Tá an oibleagáid chun tuairisc ar idirbheart amhrasach a dhéanamh in Airteagal 33; sna cásanna sin, ní mór do dhlíodóirí staonadh ó leanúint de ghníomhú go dtí an cinneadh ón Aonad um Fhaisnéis Airgeadais (Airteagal 35). Aon iarracht a d'fhéadfaí a dhéanamh chun an cliant a dhíchur ó ghabháil do ghníomhaíochtaí mídhleathacha, ní fhéachfar uirthi sin mar chion in aghaidh Airteagal 39(6). Mar sin féin, ní fhéadfaidh dlíodóirí leid a thabhairt dá gclaint maidir leis an tuairisc ar idirbheart amhrasach.

Nuair a bheidh tuairisc déanta ag dlíodóirí, ba cheart dóibh breithniú a dhéanamh ar éirí as a bheith ag gníomhú ar son an chliant láithreach tar éis an tuairisc a dhéanamh, fiú mura bhfuil foráil sa treoir maidir le hoibleagáid den sórt sin. D'fhéadfaí a chur i leith dlíodóra tar a éis sin go raibh sé ar an eolas maidir le gníomhaíochtaí mídhleathacha, fiú mura dtugann an tAonad um Fhaisnéis Airgeadais freagra diúltach. I bhfocail eile: d'fhéadfaí cur isteach tuairisce ar idirbheart amhrasach a úsáid in aghaidh an dlíodóra in imeachtaí dlíthiúla tar a éis sin.

Má éiríonn leis an dlíodóir an cliant a chur ó ghabháil do ghníomhaíocht mhídhleathach, níl aon oibleagáid air níos mó [tuairisc ar idirbheart amhrasach](#) a chur isteach.

'Fios a bheith ag an dlíodóir, amhras a bheith air nó foras réasúnta a bheith aige amhras a bheith air' – agus brí focal go ginearálta

Is iad sin na téarmaí tábhachtacha ó Airteagal 33(1)(a) ar gá don dlíodóir iad a bhreithniú. Ó tharla go bhfuil cionta ann maidir le mainneachtain tuairisciú a dhéanamh – féach thíos faoi 'Smachtbhannaí' – tá tábhacht le brí na bhfocal sin.

Cheapfaí go mbeadh 'fios' simplí go maith. Go hiondúil, ciallaíonn 'fios' eolas iarbhír a bheith ag duine. Tá ceist ann an 'fios' atá i gceist i gcás dlíodóirí a thugann neamhaird d'aon ghnó ar an bhfírinne. D'fhéadfadh a léirmhínte féin a bheith ag dlínsí ina leith sin, ach ba cheart gurbh é a bheadh sa chaighdeán *prima facie* nár leor aon rud faoi bhun eolas iarbhír.

Tástáil shuibiachtúil is ea an tástáil ar 'amhras'. Maidir le dlíodóir a mheasann go bhfuil idirbheart áirithe amhrasach, níor cheart go mbeifí ag súil go dtuigfeadh sé go díreach a bhfuil i gceist leis an gcion coiriúil nó go mbeadh a fhios aige go cinnte gur eascair cistí áirithe as an gcion. Níor cheart aon cheanglas a bheith ann go mbeadh an t-amhras soiléir nó bunaithe go daingean ar fhíricí sonracha, ach ba cheart leibhéal sástachta áirithe a bheith ann. Ní gá gurbh ionann an leibhéal sástachta sin agus go gcreidtear an t-amhras, ach ba cheart dó a bheith níos mó ná tuairimíocht ar a laghad. D'fhéadfadh sé gur thug an dlíodóir faoi deara rud éigin neamhghnách nó gan choinne agus, tar éis dó fiosrúcháin a dhéanamh, feictear dó nach bhfuil cuma mar is ceart ar na fíricí nó nach bhfuil ciall tráchtála leo. Ní gá aon fhianaise ar sciúradh airgid a bheith ann le go mbeadh amhras ann.

Tá treoraíocht sna bratacha dearga a léiríodh roimhe seo maidir le roinnt comharthaí rabhaidh caighdeánacha a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar imní. Mura bhfuil amhras ar an dlíodóir go fóill, agus nach bhfuil ach ábhar imní aige, mar shampla mar thoradh ar cheann de na bratacha dearga, d'fhéadfadh an dlíodóir ceisteanna breise a chur ar an gcliant nó ar dhaoine eile. D'fhéadfadh sé sin a bheith ag brath ar a bhfuil ar eolas ag an dlíodóir cheana féin, agus ar a éasca atá sé fiosrúcháin a dhéanamh.

Tá an ghné mheabhrach chéanna sa tástáil maidir le ‘forais réasúnta a bheith ann amhras a bheith air’ is atá ann don amhras, ach amháin gurb ann do thástáil oibiachtúil sa chás seo. Arbh ann d’imthosca fíorasacha a thabharfadh ar dhlíodóir macánta réasúnta a thuiscint nó amhras a bheith air go raibh an cliant ag gabháil do sciúradh airgid?

Eascaíonn saincheist thábhachtach eile as sin. Ní féidir ach treoraíocht áirithe a thabhairt maidir le brí na bhfocal sin ar leibhéal Eorpach mar d’fhéadfaí na focail sin a shainmhíniú ar bhealach ar leith le dlíthe intíre, agus d’fhéadfadh an sainmhíniú a bheith beagán éagsúil i ngach Ballstát.

Tá feidhm aige sin freisin maidir le focail eile atá le fáil sna hoibleagáidí tuairiscithe – mar shampla ‘staid dhlíthiúil a fhionnadh’ nó ‘imeachtaí breithiúnacha’ sa fhrása in Airteagal 34 maidir le ‘staid dhlíthiúil a gcliant a fhionnadh nó an cúram a dhéanamh a gcliant a chosaint nó a ionadú, in imeachtaí breithiúnacha, nó maidir le himeachtaí breithiúnacha’ a bheith díolmhaithe ón tuairisciú.

Sna cásanna sin go léir, tá sé tábhachtach go dtuigfeadh dlíodóirí an fhoclaíocht chruinn a úsáidtear sa leagan den treoir ina dteanga náisiúnta féin agus sa reachtaíocht cur chun feidhme náisiúnta freisin agus an gnáth-léirmhíniú a bhaintear aisti. Ní fhéadfaidh an reachtaíocht náisiúnta imeacht ón gcaighdeán uile-Aontais a leagtar síos sa treoir, agus má imíonn is ag an treoir a bheidh forlámhas, ach mar sin féin d’fhéadfadh éagsúlacht áirithe a bheith ann idir fairsinge na bhfocal a úsáidtear sna Ballstáit.

‘Gníomhaíocht choiriúil’

I gcomhréir le hAirteagal 33(1)(a), cuirtear d’oibleagáid ar an dlíodóir tuairisc ar idirbheart amhrasach a dhéanamh ‘i gcás go mbeidh a fhios ag an eintiteas faoi oibleagáid, go bhfuil amhras air nó go bhfuil forais réasúnta aige amhras a bheith air, gur fáлтаis ó ghníomhaíocht choiriúil iad cistí, is cuma an méid atá i gceist, nó go bhfuil baint acu le maoiniú sceimhlitheoireachta’.

Sainmhínítear na focail ‘gníomhaíocht choiriúil’ in Airteagal 3(4) den treoir:

Airteagal 3

(4) ciallaíonn ‘gníomhaíocht choiriúil’ aon saghas rannpháirtíochta coiriúla i ndéanamh na gcoireanna tromchúiseacha seo a leanas:

(a) cionta sceimhlitheoireachta, cionta a bhaineann le grúpa sceimhlitheoireachta agus cionta a bhaineann le gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta mar a leagtar amach i dTeideal II agus i dTeideal III de Threoir (AE) 2017/541;

(b) aon cheann de na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(a) de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe 1988 i gcoinne Gáinneáil Aindleathach i nDrugaí Támhshuanacha agus Substaintí Síceatrópacha;

(c) gníomhaíochtaí eagraíochtaí coiriúla mar a shainmhínítear in Airteagal 1(1) de Chinneadh Réime 2008/841/CGB ón gComhairle;

(d) calaois a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, i gcás ina bhfuil sé tromchúiseach ar a laghad, mar a shainítear in Airteagal 1(1) agus in Airteagal 2(1) den Choinbhinsiún maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint;

(e) éilliú;

(f) gach cion, lena n-áirítear coireanna cánach a bhaineann le cánacha díreacha agus cánacha indíreacha agus mar a shainmhínítear i ndlí náisiúnta na mBallstát, a bhféadfar cailleadh saoirse nó ordú coinneála is mó ná bliain amháin ar a mhéad a ghearradh mar phionós ina leith nó, a mhéid a bhaineann leis na Ballstáit ag a bhfuil íostairseach ina gcóras dlí le haghaidh cionta, gach cion a bhféadfar cailleadh saoirse nó ordú coinneála is faide ná sé mhí ar a laghad a ghearradh mar phionós ina leith;

Is é roinn (f) thuas, an roinn uileghabhálach maidir le ‘gach cion’, an roinn is tábhachtaí d’Airteagal 3, mar is é sin an tástáil le haghaidh fhormhór na n-idirbheart a dtabharfaidh dlíodóirí comhairle orthu. Ní chuimsítear gach rud leis, mar sin féin. Cé go gcumhdaítear coireanna cánach leis, níl feidhm aige ach maidir leis na cionta sin ar féidir na pionóis a luaitear faoi (f) a ghearradh orthu, mar atá cionta is inphionóis le pionós is mó ná bliain amháin. I gcás ina bhfuil íostairseach ag Ballstát le haghaidh cionta, athraítear an sainmhíniú chuig pionós is faide ná 6 mhí ar a laghad.

Amhras maidir le cionta nach dtagann faoin sainmhíniú sin, níl sé intuairiscithe. Is léir go mbeidh ar dhlíodóirí dul i dtaithí ar an liosta cionta atá ina reachtaíocht náisiúnta féin.

COSAINT SONRAÍ

Tá feidhm ag an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ([RGCS – Rialachán \(AE\) 2016/679](#)) maidir le sonraí faoin Treoir. Níl míniú iomlán ar RGCS faoi shainchúram an treoirleabhair seo. Mar sin féin, beidh ar dhlíodóirí aird a thabhairt ar a fhorálacha maidir leis na sonraí go léir maidir le cliant a bhíonn á bpróiseáil acu.

Déileáiltear le saincheisteanna cosanta sonraí in Airteagal 41 den treoir:

Airteagal 41

2. Ní dhéanfaidh eintitis faoi oibleagáid sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhonn na Treorach seo ach amháin chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc dá dtagraítear in Airteagal 1 agus ní dhéanfar tuilleadh próiseála orthu ar bhealach atá ar neamhréir leis na críocha sin. Toirmiscfear próiseáil sonraí pearsanta ar bhonn na Treorach seo chun críoch eile ar bith, amhail chun críoch tráchtála.

3. Déanfaidh eintitis faoi oibleagáid an fhaisnéis atá de dhíth de bhun [RGCS] a chur ar fáil do chliant nua sula gcuirfidh siad caidreamh gnó ar bun nó sula ndéanfaidh siad idirbheart ócáideach. Áireofar go háirithe san fhaisnéis sin fógra ginearálta maidir le hoibleagáidí dlíthiúla na n-eintiteas faoi oibleagáid faoin Treoir seo sonraí pearsanta a phróiseáil chun críoch sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc dá dtagraítear in Airteagal 1 den Treoir seo.

4. I gcur i bhfeidhm an toirmisc ar nochtadh a leagtar síos in Airteagal 39(1), déanfaidh na Ballstáit bearta reachtacha a ghlacadh, lena gcuirtear srian, go hiomlán nó go páirteach, ar cheart rochtana an ábhair sonraí ar shonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi a mhéid is beart riachtanach agus comhréireach é an toirmeasc iomlán nó páirteach sin i sochaí dhaonlathach le

haird chuí ar leasanna dlísteanacha an duine lena mbaineann chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) a chur ar chumas an eintitis faoi oibleagáid nó an údaráis inniúil náisiúnta chun a chúraimí a chomhlíonadh i gceart chun críocha na Treorach seo; nó

(b) a sheachaint go gcuirfear bac ar fhiosrúcháin, anailísí, imscrúduithe nó nósanna imeachta oifigiúla nó dlíthiúla chun críocha na Treorach seo agus chun a áirithiú nach gcuirtear cosc, imscrúdú agus brath sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta i gcontúirt.

Eascaíonn roinnt iarmhairtí as na forálacha sin agus as cur i bhfeidhm ginearálta RGCS.

Ar an gcéad dul síos, ní fhéadfaidh dlíodóir na sonraí a fhaightear faoi CDD, ná faoi aon fhoráil eile den treoir, a úsáid chun críoch eile, amhail chun críoch margaíochta nó chun brabús a dhéanamh.

Ar an dara dul síos, ní hé toil an chliaint an bunús dlí le láimhseáil na sonraí ag an dlíodóir, agus ní bhraitheann an láimhseáil sin ar thoil an chliaint. Tá foráil in Airteagal 6 de RGCS maidir le 6 bhunús dhleathacha chun sonraí a phróiseáil, agus tá toil an chliaint ar aon cheann amháin díobh sin. Is féidir na cinn eile a thuiscint ó théacs Airteagal 6 thíos:

Airteagal 6, Rialachán (AE) 2016/679 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (RGCS)

Dleathacht na próiseála

1. Ní bheidh an phróiseáil dleathach ach amháin má tá feidhm, agus a mhéid atá feidhm, le ceann díobh seo a leanas ar a laghad:

(a) tá toiliú tugtha ag an ábhar sonraí a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta a phróiseáil chun ceann amháin nó níos mó de chríocha sonracha;

(b) is gá an phróiseáil a dhéanamh chun Conradh ar páirtí ann an t-ábhar sonraí a chomhlíonadh nó chun bearta a dhéanamh arna iarraidh sin ag an ábhar sonraí sula ndéanfaidh sé nó sí Conradh;

(c) is gá an phróiseáil a dhéanamh chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh;

(d) is gá an phróiseáil a dhéanamh chun leasanna rithabhachtacha an ábhair sonraí nó duine nádúrtha eile a chosaint;

(e) is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir;

(f) is gá an phróiseáil a dhéanamh chun críocha na leasanna dlísteanacha atá á saothrú ag an rialaitheoir nó ag tríú páirtí, seachas i gcás ina mbeidh sáraíocht ag na leasanna sin ar leasanna nó ar chearta bunúsacha agus ar shaoirsí bunúsacha an ábhair sonraí, lena gceanglaítear go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, go háirithe más leanbh é an t-ábhar sonraí.

Ní bheidh feidhm ag pointe (f) den chéad fhomhír maidir le próiseáil a dhéanann údaráis poiblí i gcomhlíonadh a gcúraimí

Tá dhá bhunús eile ann, áfach, agus tá feidhm acu sin maidir le próiseáil sonraí ag an dlíodóir. Ceann amháin díobh is ea nuair ‘is gá an phróiseáil a dhéanamh chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh’. Ós rud é go gceanglaítear leis an treoir ar an dlíodóir sonraí áirithe a fháil agus a choinneáil – féach Airteagal 40 den roinn thuas – d’fhéadfadh an bunús dlí le haghaidh an dlíodóra in AML/CTF teacht faoin ‘oibleagáid dhlíthiúil’ a luaitear in Airteagal 6(1)(c).

D’fhéadfadh sé teacht faoi Airteagal 6(1)(e) freisin i gcás inar ‘gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir’. Is amhlaidh atá mar sonraítear go sonrach in Airteagal 43 go ndéanfar ‘próiseáil sonraí pearsanta ar bhonn na Treorach seo chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta amhail dá dtagraítear in Airteagal 1 a chosc a bhreithniú mar ábhar ar díol spéise poiblí é faoi [RGCS]’.

Ar an tríú dul síos, tá díolúine ar cheart rochtana cliaint ar shonraí faoi RGCS i ndáil leis na forálacha maidir le leid a thabhairt. Tá gaol soiléir idir leid a thabhairt agus cosaint sonraí mar, más rud é go bhfuil sé de cheart ag cliant a fheiceáil go ndearnadh tuairisc maidir le leid a thabhairt, tagann sé salach ar an toirmeasc ar leid a thabhairt.

Tá foráil maidir le srian féideartha den sórt sin in Airteagal 23 de RGCS cheana féin, agus luaitear srian den sórt sin go sonrach sa bhrollach le RGCS, ina luaitear ‘Tá an méid sin ábhartha, cuir i gcás, i gcreat an chomhraic i gcoinne sciúradh airgid’.

Mar thoradh air sin, sonraítear go soiléir sa treoir nach mór do Bhallstáit beart a dhéanamh ina leith sin i ndáil le leid a thabhairt maidir le sonraí (dá bhrí sin, déantar tagairt d’Airteagal 39), trí reachtaíocht a rith lena sriantar ceart rochtana an chliant ar shonraí den sórt sin. Beidh ar dhlíodóirí a bheith feasach ar a bhfuil sa reachtaíocht áirithe i dtaca leis sin ina mBallstát féin agus ar raon feidhme na reachtaíochta sin.

RÚNDACHT IDIR DLÍODÓIRÍ AGUS CLIAINT

Réamhrá

Ní hamháin go bhfuil na forálacha a leagtar amach thuas in Airteagail 33, 34, 35 agus 39 ag croílár an chórais AML/CTF, ach tá baint acu freisin le ceann de bhunphrionsabail an chaidrimh idir dlíodóirí agus cliaint, mar atá rúndacht idir dlíodóirí agus cliaint (úsáidtear an téarma ginearálta sin chun coincheapa ginearálta na rúndachta gairmiúla agus na pribhléide gairmiúla dlíodóra a chumhdach), agus an caidreamh muiníne iomláine is ceart a bheith ann idir dlíodóir agus cliant.

An téacs fíor-riachtanach san Aontas maidir le brí agus iarmhairt na rúndachta idir dlíodóirí agus cliaint, baineann sé le cás AM&S ([*AM & S Europe Limited v Coimisiún na gComhphobal Eorpach*](#), Cás 155/79):

‘Eascaíonn dlí an Chomhphobail ó dhul i bhfód eacnamaíoch na mBallstát agus ar a ndul i bhfód dlíthiúil freisin, agus ní mór don dlí na prionsabail agus na coincheapa is coiteann do dhlíthe na Stát sin maidir le comhlíonadh na rúndachta, go háirithe, a mhéid a bhaineann le cumarsáid áirithe idir dlíodóir agus cliant a chur san áireamh. Freastalaítear leis an rúndacht sin ar na ceanglais, a n-aithnítear a dtábhacht sna Ballstáit ar fad, go mbeidh ar a chumas d’aon duine, gan srian, dul i gcomhairle le dlíodóir arb é is gairm dó comhairle dlí neamhspleách a thabhairt do gach duine ar a mbeidh sí de dhíth.’

D’fhill an chúirt ar an gcás breis agus fiche bliain tar a éis sin in [Akzo Nobel Chemicals Ltd agus Akros Chemicals Ltd v Coimisiún na gComhphobal Eorpach](#), Cásanna Uamtha T-125/03 & T-253/03. Deimhníodh an prionsabal fíor-riachtanach, mar a leagtar amach thuas, sa chás ní ba dhéanaí inar shonraigh an chúirt freisin go bhfuil dlúthbhaint idir an prionsabal agus ‘an coincheap de ról an dlíodóra maidir le bheith ag comhoibriú le riar an cheartais ag na cúirteanna’.

Go deimhin, is prionsabal é seo a aithnítear go hidirnáisiúnta. D’fhoilsigh International Bar Association [International Principles on Conduct for the Legal Profession](#), agus luaitear an méid seo a leanas i bPrionsabal 4:

‘Déanfaidh dlíodóir, tráth ar bith, cosaint na rúndachta maidir le gnóthaí cliant reatha nó iarchliant a choinneáil ar bun agus tabharfar an chosaint sin dó, mura gceadaítear nó mura gceanglaítear a mhalairt leis an dlí agus/nó le rialacha iompair ghairmiúil is infheidhme.’

Tugtar ainmneacha éagsúla ar an rúndacht idir dlíodóirí agus cliaint, agus rialaítear í le rialacha éagsúla i ndlínsí éagsúla.

Mar shampla, i ndlínsí áirithe, forchuirtear oibleagáidí ar an dlíodóir go sainráite leis na dlíthe agus na rialacha maidir le rúndacht idir dlíodóirí agus cliaint. I ndlínsí eile, baintear amach cosaint faisnéise faoi rún óna nochtadh trí ‘phribhléidí’ (ar a dtugtar díolúintí freisin) ó na gnáthrialacha lena gceanglaítear faisnéis a nochtadh.

Mar sin féin, is ionann an bunphrionsabal i ngach áit: tá cosc ar dhlíodóir (de réir dlí in go leor tíortha) faisnéis a thugann a chliant dó faoi rún a nochtadh d’aon tríú páirtí, lena n-áirítear údaráis rialtais agus bhreithiúnacha.

Maidir leis an gcosaint a thugtar faoin rúndacht idir dlíodóirí agus cliaint, is ann do rialail ghinearálta freisin nach bhfuil feidhm ag an gcosaint sin i gcás ina bhfuil dlíodóir ag cabhrú, ag cuidiú nó ag neartú go feasach le hiompar neamhdhleathach a gcliant – chun airgead a sciúradh nó chun cabhrú le maoiniú sceimhlitheoireachta sa chás seo. Tá sé beagnach cinnte go mbeadh pionós coiriúil á dhéanamh ag an dlíodóir. Ghearrfadh an t-údarás rialála gairme lena mbaineann pionós ar an dlíodóir go hiondúil freisin.

Cásdlí Eorpach

Maidir leis na hoibleagáidí tuairiscithe faoin treoir seo, ní thagann siad salach ar an bprionsabal sin mar a thuigtear sa dlí Eorpach é. Ba é sin a cinneadh in dhá chás, cás amháin os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus cás eile os comhair na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine.

Sa chás *Ordre des barreaux francophones et germanophone agus Eile v Conseil des ministres*, Cás C-305/05 os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, thug ceann d'oird Bharra na Beilge cás os comhair na cúirte inar ceistíodh an choinbhleacht. Chinn an chúirt, áfach, nach sárú atá sna hoibleagáidí tuairiscithe ar an gceart chun trialach córa mar a urramaítear le hAirteagal 6 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus Airteagal 6(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

An chúis a tugadh ná nach mbaineann na hoibleagáidí tuairiscithe le dlíodóirí ach amháin a mhéid a chuireann dlíodóir comhairle ar a chliant in ullmhú nó i bhfeidhmiú idirbheart áirithe – go bunúsach, idirbhearta de chineál airgeadais nó idirbheartaíochta. De ghnáth, mar thoradh ar chineál na gníomhaíochtaí sin, tarlaíonn siad i gcomhthéacs gan aon bhaint acu le himeachtaí breithiúnacha agus, dá dhroim sin, tagann na gníomhaíochtaí sin lasmuigh de raon feidhme an chirt chun trialach córa, arbh é ba bhunús leis an maíomh.

Dúirt an chúirt freisin go bhfuil an dlíodóir díolmhaithe ó oibleagáidí tuairiscithe a luaithe a iarrtar air cúnamh a thabhairt chun an cliant a chosaint nó chun ionadaíocht a dhéanamh ar son an chliaint os comhair na gcúirteanna, nó a luaithe a iarrtar air comhairle a thabhairt maidir le himeachtaí breithiúnacha a thionscnamh nó a sheachaint, gan beann ar cibé acu a fuarthas an faisnéis roimh na himeachtaí, lena linn nó ina ndiaidh. Shonraigh an chúirt go gcosnaítear ceart an chliaint chun trialach córa le díolúine den sórt sin.

Tugadh cás comhchosúil os comhair na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine: *Michaud v an Fhrainc* (Iarratas Uimh. 12323/11). Bhain sé sin le hAirteagal 8 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, agus chinn an chúirt, cé go gcosnaítear an 'ceart bunúsach i leith na rúndachta gairmiúla' le hAirteagal 8 den Choinbhinsiún, ní cur isteach iomarcach ar an gceart sin é ceangal ar dhlíodóirí amhras a thuairisciú.

Bhunaigh an chúirt a cinneadh ar an leas ginearálta ar a bhfreastalaítear trí dhul i ngleic leis an sciúradh airgid, agus ar an ráthaíocht a sholáthraítear tríd an eisiámh ón gceanglas tuairisciú a sholáthraítear le hAirteagal 34(2) (i gcaitheamh gníomhaíochtaí a bhaineann le himeachtaí breithiúnacha, nó i gcáil dlíodóirí mar chomhairleoirí dlí). Ina theannta sin, chuir dlí na Fraince scagaire i bhfeidhm chun an rúndacht ghairmiúil a chosaint trína áirithiú nach ndéanann dlíodóirí a dtuairiscí a thabhairt do FIU go díreach, ach go dtugann siad d'uachtarán an Bharra iad.

Le cois cásanna ar leibhéal Eorpach, d'fhéadfadh cásanna náisiúnta a bheith ann a théann i bhfeidhm ar chur chun feidhme na teorach ar bhonn áitiúil, amhail an cás os comhair Chúirt Bhunreachta na Beilge maidir le hidirbhearta amhrasacha a thuairisciú (*Cinneadh uimh. 114/2020* an 24 Meán Fómhair 2020)

Conclúid

Mar thoradh ar an idirghníomhú idir an treoir, an rúndacht idir dlíodóirí agus cliant agus an cásdlí ar leibhéal Eorpach, ní mór tuairisc ar idirbheart amhrasach a dhéanamh i gcomhréir leis na himthosca sonracha a leagtar amach sa treoir agus sa chásdlí lena áirithiú nach ndéantar aon sárú ar an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine ná ar an gConradh ar an Aontas Eorpach. Mura ndéanann an dlíodóir tuairisciú nuair a cheanglaítear é sin air, d'fhéadfaí an

dlíodóir a ionchúiseamh i leith cion coiriúil AML mar thoradh ar an neamhthuaisciú sin (féach thíos).

Mar sin féin, is laistigh de pharaiméadair áirithe, agus laistigh díobh amháin, a fheidhmíonn ceanglais na treorach:

- iad sin faoin sainmhíniú ar na dlíodóirí agus ar na hidirbhearta a chumhdaítear leis an treoir in Airteagal 2(1)(3)
- fiú más rud é go gcuimsítear iad laistigh den sainmhíniú sin, is ann do dhíolúintí ó thuairisciú in Airteagal 34(2)
- is ann do shainmhínithe tábhachtacha eile maidir le tuairisciú, amhail an sainmhíniú ar ‘ghníomhaíocht choiriúil’ arb é is cúis le tuairisc ar idirbheart amhrasach ar an gcéad dul síos (ag brath ar an sainmhíniú ar choir an sciúrtha airgid sna Ballstáit aonair)

Lasmuigh de na teorainneacha dochta sin, níl feidhm ag ceanglais na treorach maidir le tuairisciú, agus níl feidhm ag gnáthrialacha na rúndachta idir dlíodóirí agus cliaint. Ní mór do dhlíodóirí a bheith ar an eolas freisin cibé acu ar baineadh nó nár baineadh leas ina ndlínse as an maolú in Airteagal 34(1) lena gcuirtear ar a chumas don dlíodóir amhras a thuairisciú don Bharra agus lena gcuirtear ar a chumas don Bharra a bheith freagrach as an tuairisciú a chur ar aghaidh chuig FIU.

Ní féidir glacadh leis nár sáraíodh an rúndacht idir dlíodóir agus cliaint ach amháin i gcás ina ndearnadh tuairisc ar idirbheart amhrasach i gcomhréir dhlúth le ceanglais Airteagal 33 den treoir. Dá bhrí sin, níor cheart do dhlíodóirí tuairisc ar idirbheart amhrasach a chur isteach chun iad féin a chosaint agus ar chúiseanna réamhchúraim agus ar an mbonn sin amháin – tá an baol ann go sáróidh siad oibleagáidí rúndachta má dhéanann siad amhlaidh.

SAINCHEISTEANNA TRASTEORANN

D’fhéadfadh roinnt saincheistean teacht chun cinn ar bhonn trasteorann mar thoradh ar dhlíodóir a bheith ag obair do chliaint i ndlínsí eile nó atá lonnaithe i ndlínsí eile.

Laistigh den Aontas

Ó tharla gur treoir ar leibhéal an Aontais atá ann, tá íoschaighdeáin na treorach le cur chun feidhme ar fud an Aontais. Mar sin féin, chuaigh roinnt Ballstát níos faide ná na híoschaighdeáin, agus in aon chás ghlac dlínsí éagsúla modhanna éagsúla – mar shampla i gcásanna áirithe ní mór don dlíodóir tuairisc ar idirbheart amhrasach a dhéanamh go díreach le FIU agus leis an mBarra i gcásanna eile. Dá bhrí sin, níl de rogha ag an dlíodóir ach a bheith feasach ar an gcóras AML sa Bhallstát eile, agus is dócha gurb é comhairle a fháil ó dhlíodóir laistigh den Bhallstát sin an bealach is sláine chun é sin a dhéanamh.

Tagann fadhbanna sonracha chun cinn i roinnt réimsí:

- a bheith ag brath ar thríú páirtithe i mBallstát eile le haghaidh CDD – luadh ceanglais Airteagal 26 den treorach cheana féin
- forálacha maidir le rúndacht idir dlíodóirí agus cliaint – ní hamháin go bhféadfaí an tuairisc ar idirbheart amhrasach a dhéanamh ar bhealaí éagsúla mar a luadh thuas, ach d'fhéadfadh raon feidhme agus cur i bhfeidhm na rúndachta idir dlíodóirí agus cliaint a bheith éagsúil, agus ní mór é sin a sheiceáil go cúramach
- d'fhéadfadh doiciméid a bheith i dteanga eile, nó d'fhéadfadh doiciméid a bheith ag baint le hinstiúidí nach bhfuil an dlíodóir eolach orthu, rud a chuireann ceanglas ar an dlíodóir bearta iomchuí a ghlacadh le bheith réasúnta sásta go bhfuil fianaise sna doiciméid ar a bhfuiltear ag maíomh, mar shampla céannacht an chliaint

SMACHTBHANNAÍ

Réamhrá

Sonraítear in Airteagal 59 den treoir nach mór do na Ballstáit a áirithiú gurbh ann do smachtbhannaí riaracháin ar a laghad maidir le sáruithe atá tromchúiseach, leantach, nó córasach, nó teaghlaim díobh sin, ar na ceanglais a leagtar síos le haghaidh na gceannteideal seo a leanas:

- dícheall cuí custaiméara (Airteagail 10 go 24)
- tuairisc ar idirbheart amhrasach (Airteagail 33 go 35)
- coimeád taifead (Airteagal 40)
- rialuithe inmheánacha (Airteagail 45 go 46)

Sonraítear leis sin in Airteagal 59 gurbh iad seo a leanas na smachtbhannaí íosta a bheidh ann sna cásanna sin:

Airteagal 59 (2)

... áireofar leis na smachtbhannaí agus na bearta riaracháin is féidir a chur i bhfeidhm an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) ráiteas poiblí ina sainaithnítear an duine nádúrtha nó dlítheanach agus nádúr an tsáraithe;

(b) ordú lena gceanglófar ar an duine nádúrtha nó dlítheanach scor den iompraíocht agus staonadh ón iompraíocht sin a dhéanamh an athuair;

(c) i gcás ina mbeidh eintiteas faoi oibleagáid faoi réir údarú, an t-údarú a tharraingt siar nó a chur ar fionraí;

(d) cosc sealadach ar aon duine a fheidhmíonn freagrachtaí bainistíochta in eintiteas faoi oibleagáid nó ar aon duine nádúrtha a mheastar a bheith freagrach as an sárú feidhmeanna bainistíochta a fheidhmiú in eintitis faoi oibleagáid;

(e) smachtbhannaí uasta airgid riaracháin ar luach dhá oiread ar a laghad de mhéid an tsochair a díorthaíodh ón sárú, i gcás inar féidir an sochar sin a chinneadh, nó EUR 1 000 000 ar a laghad.

I dtéarmaí na dtosca atá le cur san áireamh agus leibhéal na smachtbhannaí á chinneadh, sonraítear é seo a leanas in Airteagal 60(4):

Airteagal 60

4. Áiríteoidh Ballstáit go gcuirfidh na húdaráis inniúla san áireamh na himthosca ábhartha go léir, nuair a chinnfidh siad cineál agus leibhéal na smachtbhannaí nó na mbeart riaracháin, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme:

(a) tromchúis agus fad an tsáraithe;

(b) leibhéal freagrachta an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh a bhreithnítear freagrach;

(c) láidreacht airgeadais an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh a bhreithnítear freagrach, a léirítear, mar shampla, trí láimhdeachas iomlán an duine dhlítheanaigh a bhreithnítear freagrach, nó ioncam bliantúil an duine nádúrtha a bhreithnítear freagrach;

(d) an sochar a dhíorthaíonn an duine nádúrtha nó dlítheanach a bhreithnítear freagrach, a mhéid is féidir é a chinneadh;

(e) na caillteanais do thríú páirtithe de dheasca an tsáraithe, a mhéid is féidir iad a chinneadh;

(f) leibhéal comhair an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh nó na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha atá freagrach leis na húdaráis inniúla;

(g) sáruithe roimhe sin a rinne an duine nádúrtha nó dlítheanach a bhreithnítear freagrach.

Tá cosaintí in Airteagal 61 le haghaidh sceithirí a thugann fógra do na húdaráis maidir le sáruithe ar na forálacha maidir le AML/CTF.

Is léir go mbeidh ar dhlíodóirí a bheith eolach ar a ndlíthe intíre féin, idir dlíthe riaracháin agus dlíthe coiriúla, maidir le sáruithe ar na forálacha maidir le AML/CTF, mar d'fhéadfadh na dlíthe sin dul níos faide ná na híoschaighdeáin thuas.

Ceanglais le haghaidh ciona

Cé go bhfághtar faoi na Ballstáit é foclaíocht na gcionta a chuimsiú ina gcóras dlí náisiúnta, is féidir glacadh leis maidir leis na príomhchionta, mar shampla maidir le mainneachtain tuairisc ar idirbheart amhrasach a dhéanamh, go mbeidh ceanglas ar an ionchúiseamh a chruthú gur maoin choiriúil atá sa mhaoin i gceist – i bhfocail eile, maoin nó cistí a fuarthas trí ghníomhaíocht choiriúil mar a shainmhínítear in Airteagal 3(4). Ciallaíonn sé sin go mbeidh ar an ionchúiseamh a chruthú

gur trí iompar coiriúil a fuarthas an mhaoín agus, tráth an chionna líomhnaithe, go raibh a fhios ag an dlíodóir nó go raibh amhras air gurbh amhlaidh a fuarthas an mhaoín.

Maidir leis an mainneachtain cionta a nochtadh, beidh ar dhlíodóirí a nochtadh más rud é go raibh eolas acu, amhras orthu nó forais réasúnta acu amhras a bheith orthu. Tugadh sainmhíniú breise ar na téarmaí sin cheana féin sa lámhleabhar seo faoi 'Oibleagáidí tuairiscithe'.

IARSCRÍBHINN 1 – LIOSTA TÍORTHA ARDRIOSCA

D'fhéadfadh athrú teacht ar an liosta seo – féach [anseo](#)

Líon	Tríú tír ardriosca
1	An Afganastáin
2	Na Bahámaí
3	Barbadós
4	An Bhotsuáin
5	An Chambóid
6	Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré
7	Gána
8	An Iaráin
9	An Iaráic
10	Iamáice
11	Oileán Mhuirís
12	An Mhongóil
13	Maenmar/Burma
14	Nicearagua
15	An Phacastáin
16	Panama
17	An tSiria
18	Oileán na Tríonóide agus Tobága
19	Uganda
20	Vanuatú
21	Éimin
22	An tSiombáib